



**Comparáid idir na Dearcthaí atá
ag Leanaí i nGaelscoil agus i Scoileanna Gaeltachta i leith na
Gaeilge agus maidir le húsáid na Gaeilge acu**

Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas

Cliona Máirtín

2019

Líon Focal: 10,995

Declaration

I hereby certify that this material, which I now submit for assessment on the programme leading to the award of the degree of Professional Master of Education, is entirely my own work and has not been taken from the work of others, save to the extent that such work has been cited and acknowledged within the text of my work. I further declare that this dissertation has not been submitted as an exercise for a degree at this Institute and any other Institution or University. I agree that the Marino Institute of Education library may lend or copy the thesis, in hard or soft copy, upon request.

Signature:

Printed name: Cliona Máirtín

Date: 13/5/2019

Achoimre

Díríonn an taighde seo ar úsáid na Gaeilge agus ar dhearcthaí i leith na Gaeilge ag páistí Rang 5 agus Rang 6. Déantar comparáid idir dhá chineál scoil éagsúla. An chéad cineál ná Scoil Lán Ghaeilge atá suite lasmuigh den Ghaeltacht agus an dara cineál na scoileanna atá suite i gceantar Ghaeltachta. Is comparáid é seo idir na difríochtaí agus na cosúlachtaí atá eatharthu. Ghlac ceithre scoil páirt sa taighde seo, scoil amháin ó cheantar neamh-Ghaeltachta agus trí cinn atá suite sa Ghaeltacht. Baineadh úsáid as ceistneoirí le eolas a bhailiú ó na rannpháirtithe. Bhí ceithre chuid ann sa cheistneoir agus iad bunaithe ar chúlra an pháiste, úsáid na Gaeilge ag an bpáiste, dearcthaí an pháiste i leith na Gaeilge agus ceisteanna oscailte le tuairimí breise a bhailiú ó na rannpháirtithe. Bhí difríochtaí agus cosúlachtaí le feiceáil sna torthaí idir na cineálacha scoileanna éagsúla. Tá cosúlachtaí ann i gcuid de na torthaí a tháinig ón taighde seo ach tá difríochtaí móra ann freisin, cuid acu a chuireann go mór leis an stór taighde atá déanta cheana. Tá an taighde seo uathúil ó thaobh cuid de na ceisteanna a cuireadh ar na rannpháirtithe agus tá moltaí déanta bunaithe ar na torthaí a tháinig ó na ceisteanna seo. Tá dearcthaí dearfacha ag na páistí i leith na Gaeilge ach tá easpa úsáide ann nach bhfuil ag teacht le chéile leis na dearcthaí agus an cumas atá ag na páistí, dar leo féin.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a thug cabhair agus tacaíocht dom agus mé i mbun an tráchtas seo a scríobh. Tá buíochas faoi leith ag dul do na daoine seo a leanas: na príomhoidí, na múinteoirí agus na páistí uilig, chomh maith lena dtuismitheoirí, ins na ceithre scoileanna a ghlac páirt sa taighde seo. Ní bheadh an taighde seo indéanta gan a rannpháirtíocht.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Claire Dunne dá comhairle, dá treoir agus dá tacaíocht.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas faoi leith a ghabháil le mo chlann uilig as an tacaíocht agus an foighne go léir a léirigh siad, chomh maith le bheith fíor-thuisceanach.

Clár na n-Ábhar

Liosta Giorrúcháin	6
Caibidil 1 - Réamhrá	7
Caibidil 2 - Léirbhreithniú ar an Litríocht	10
Caibidil 3 - Modheolaíocht	21
Dearadh an Taighde	21
An Uirlis Thaighde - Ceistneoirí	22
Rannpháirtithe a Aimsiú	24
Cuireadh do Rannpháirtithe Páirt a Ghlacadh sa Taighde	25
An Ceistneoir a Chur i bhFeidhm	25
Teorainneacha an Cheistneora mar Uirlis Thaighde	26
Cúrsaí Eiticiúla	26
Caibidil 4 - Anailís ar Shonraí	28
Eolas Próifile na bPáistí	29
Patrúin Úsáide na Gaeilge ag na Páistí	31
Dearcthaí na bPáistí faoin nGaeilge	35
Tuairimí Oscailte Eile ó na Páistí	39
Caibidil 5 - Conclúidí agus Moltaí	42
Conclúidí	42
Moltaí	45
Tagairtí	47
Aguisíní	i
Aguisín A - Litir Eolais	i
Aguisín B - Litreacha Toilithe don Phríomoide	ii
Aguisín C - Litir Toilithe don Tuismitheoir	iv
Aguisín D - Foirm Aontaithe na bPáistí	vi
Aguisín E - An Ceistneoir	viii

Liosta Giorrúcháin

Baintear úsáid as na giorrúcháin seo a leanas le linn an taighde seo ar mhaithe le heascaíocht agus le soiléireacht agus an léitheoir ag dul i mbun léitheoireachta:

GSG - Gaelscoileanna Gaeltachta

SLG - Scoil(eanna) Lán Ghaeilge

1. Réamhrá

Tá staid na Gaelscolaíochta in Éirinn tar éis athrú go mór le caoga bliain anuas. Sa bhliain 1968 bhí 193 bunscoil ag feidhmiú trí Ghaeilge i gceantair Ghaeltachta na tíre. Sa bhliain chéanna bhí caoga scoil lasmuigh den Ghaeltacht in Éirinn ag feidhmiú trí Ghaeilge (An Roinn Oideachais, 1968). Lean an treocht seo ar aghaidh go dtí 1997. Sa bhliain seo, don chéad uair ón mbliain 1968, bhí líon na nGaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht in Éirinn níos mó ná mar a bhí sna ceantair Ghaeltachta. Sa bhliain sin bhí 110 Gaelscoil sna ceantair Ghaeltachta agus 113 lasmuigh den Ghaeltacht (An Roinn Oideachais, 1998).

Nuair a bunaíodh saorstát na hÉireann sa bhliain 1922 ba é Eoin Mac Néill an chéad Aire Oideachais. Bhunaigh Mac Néill polasaí Gaelachais i mbunscoileanna na hÉireann ach níor éirigh leis an bpolasaí sin toisc nach raibh tacaíocht iomlán á thabhairt ag múinteoirí ná ag tuismitheoirí don pholasaí. An aidhm a bhí leis an bpolasaí ná go mbeadh páistí bunscoile á múineadh trí mheán na Gaeilge chomh fada agus is féidir agus de bharr an pholasaí d'fhás líon na nGaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht go dtí go raibh beagnach 300 acu ann (Cummins, 1978). Dar le Cummins, cheap múinteoirí nach raibh na buntáistí céanna ag baint le bheith ag foghlaim trí Ghaeilge is a bhí le bheith ag foghlaim trí Bhéarla. Cé gur aontaigh daoine go mba chóir an Ghaeilge a dhéanamh mar ábhar scoile, níor thaitin sé leo go raibh sé éigeantach ábhair eile a dhéanamh trí Ghaeilge agus bhí tionchar aige seo ar thorthaí scrúdaithe. Chruthaigh sé seo drochdhearcadh i leith na Gaeilge i measc tuismitheoirí in áiteanna iargúlta ina raibh ar a bpáistí freastal ar Gaelscoil toisc nach raibh rogha eile ar fáil dóibh. (Cummins, 1978).

Toisc gur theip ar an bpolasaí Gaelachais d'iompaigh formhór na scoileanna ar ais ar an mBéarla mar phríomhtheanga teagaise iontu (Gaelscoileanna, n.d.). Faoin mbliain 1975, de bharr an titim amach seo, bhí an Ghaelscolaíocht ag an gcéim is ísle dá bhfaca sí riamh agus gan ach fiche Gaelscoil, lasmuigh de cheantair Gaeltachta, ag feidhmiú trí Ghaeilge.

Is timpeall an ama seo a thosaigh fás ag teacht ar líon na nGaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht. Ní raibh Gaelscoileanna ar fáil in an-chuid ceantar, dar ndóigh, ach thosaigh pobal de thuismitheoirí, a raibh oideachas trí mheán na Gaeilge ag teastáil uathu dá bpáistí, ag teacht chun cinn agus Gaelscoileanna a bhunú acu (Gaelscoileanna, n.d.). Tháinig borradh ar an bhfás seo agus, sa bhliain 1997, don chéad uair riamh, bhí níos mó Gaelscoileanna sa tír lasmuigh den Ghaeltacht ná mar a bhí sa Ghaeltacht.

I mí Meán Fómhair 2017, an bhliain is déanaí inar foilsíodh tuairisc le líon na nGaelscoileanna san áireamh, bhí 147 Gaelscoil suite lasmuigh den Ghaeltacht agus 37,183 dalta ar na rollaí iontu. Sa bhliain chéanna bhí 101 Gaelscoil ins na ceantair Ghaeltachta agus 7,367 dalta ag freastal orthu (An Roinn Oideachais, 2018). Tá borradh na Gaelscolaíochta lasmuigh den Ghaeltacht ag leanúint bliain i ndiaidh bliana, agus scoileanna nua ag oscailt gach bliain. Bíonn an-bhrú ar na scoileanna seo freastal ar ardú spéise leanúnach na dtuismitheoirí san oideachas lán-Ghaeilge.

Tá sé nach mór céad bliain ó thug Eoin Mac Néill faoina pholasaí Gaelachais ach is iomaí casadh a tháinig ar an scéal ó shin. Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna a Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge i 2010 (An Roinn Oideachais, 2010) agus mar chuid lárnach den pholasaí sin tá an Polasaí don Oideachas Gaeltachta, a thosaigh i 2017 (An Roinn Oideachais, 2016). Tá infheistiú ama agus airgid na Roinne dírithe anois ar chaomhnú agus ar chothú na Gaeilge sa Ghaeltacht, mar aithnítear an borradh ar an nGaeloideachas lasmuigh den Ghaeltacht ach tá mórdhúshláin ann don ghaeloideachas sa Ghaeltacht.

Seasmhacht Phearsanta

D'fhreastail mise ar Ghaelscoil i mBaile Átha Cliath agus is cúis mór bróid domsa é. Cé gur beag ceisteanna a cuireadh orm faoi mo dhearcadh ina leith tá an deis agam anois mo thuairimí maidir leis an tráth seo do mo shaol a chur faoi bhráid daoine eile agus mé críochnaithe le mo chuid scolaíochta. Cloisimid go minic na tuairimí a bhíonn ag tuismitheoirí, múinteoirí agus iar-dhaltaí faoin nGaelscolaíocht ach is beag deis a bhíonn ag na páistí féin a gcuid tuairimí a léiriú agus iad ag freastal ar scoil. Is as seo a tháinig an spreagadh don tionscnamh seo. Theastaigh uaim tuairimí na bpáistí a fháil ar an úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge chomh maith leis an dearcadh agus na tuairimí atá acu i leith na Gaeilge. Go minic, braithim nach bhféachtar ar Ghaeilge na bpáistí i nGaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht agus ag na páistí i nGaelscoileanna sa Ghaeltacht ar bhealach cothrom. Féachtar ar na scoileanna Gaeltachta mar scoileanna ina mbíonn "fíor-Ghaeilge" in úsáid ach sna Gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht braithear nach mbíonn an saibhreas céanna iontu ná na deiseanna céanna ag na páistí iontu an Ghaeilge a úsáid lasmuigh de shuíomh na scoile.

Is dá bharr seo gur shocraigh mé an tionscnamh seo a dhéanamh agus iarracht a dhéanamh comparáid a dhéanamh idir an dá chineál scoile. Ní hé an aidhm a bhí agam ná fáil amach cén cineál scoile is fearr ach fáil amach an bhfuil mórán éagsúlachtaí iontu idir an dearcadh a bhíonn ag na páistí i leith na Gaeilge agus an úsáid a bhaineann siad aisti.

2. Léirbhreithniú ar an Litríocht

In imeacht na mblianta tá a lán oibre déanta ar an nGaeilge sa chóras bunoidreachais in Éirinn. Is ar thoradh phróiseas an teagaisc is mó a rinneadh an obair thaighde seo sna blianta tosaigh ach le fiche cúig bliana anuas tá athrú tagtha ar an gcineál taighde atá á dhéanamh. Agus taighde á dhéanamh ar dhearcadh agus ar úsáid na Gaeilge sna bunscoileanna, is féidir na scoileanna a roinnt i trí ghrúpa – scoileanna ina bhfuil an Béarla ina mheán teagaisc, scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge ina mheán teagaisc agus atá lonnaithe i gceantar Gaeltachta agus scoileanna atá lonnaithe taobh amuigh den Ghaeltacht agus ina bhfuil an Ghaeilge ina mheán teagaisc (Gaelscoileanna).

I dtaighde ar bith bíonn tábhacht ag baint le comhthéacs láidir a bheith ag an taighde sin. I gcás na hoibre atá i gceist ag an taighdeoir baineann an comhthéacs go príomha le

- Curaclam agus polasaí a bhaineann le teagasc na Gaeilge
- Teoiricí maidir le foghlaim agus teagasc na Gaeilge
- Pátrúin úsáide na Gaeilge agus dearcadh páistí scoile in Éirinn agus i dtíortha eile
- Taighde praiticiúil le daltaí scoile ar úsáid na Gaeilge ar scoil, sa bhaile agus sa cheantar áitiúil.

Is de bharr na bpointí thuas a roghnaíodh na téacsanna ar a bhfuil an léirbhreithniú a leanas bunaithe.

Caithfear breathnú ar dtús ar na Curaclaim agus ar na polasaithe atá ann do mhúineadh na Gaeilge in Éirinn. Tugann sé seo tuiscint ar na rudaí atá á bhfoghlaim ag páistí bunscoile toisc go mbíonn tionchar aige seo ar dhearcadh na bpáistí i leith na Gaeilge agus ar úsáid na teanga acu. Breathnaíodh ar thrí dhoiciméad éagsúla de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna - Curaclam na Bunscoile, 1999 agus Curaclam Teanga na

Bunscoile, 2015 ina measc. Deir Curaclam na Bunscoile, 1999, gur *'teanga bheo chumarsáide í an Ghaeilge'*. Luann an Curaclam seo freisin

'Is ar úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga bheo chumarsáide a leagtar béim sa churaclam. Cuireann foghlaim na Gaeilge ar chumas an pháiste teagmháil níos dlúithe a dhéanamh leis an gcultúr sin'.

I gCuraclam na Bunscoile 1999, tugadh aitheantas do na cineálacha éagsúla scoileanna a bhí in Éirinn ag an am sin idir Ghaelscoileanna, Scoileanna Gaeltachta agus Gnáthscoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla ach níor léiríodh go bhféadfaí curaclam teanga a fhorbairt don Ghaeilge ina mbeadh leanaí ar chontanam ó bheagán Gaeilge go Gaeilge sár-líofa.

Sa bhliain 2015 foilsíodh Curaclam Teanga na Bunscoile. Tá an Ghaeilge agus an Béarla faoi bhrat an churaclaim seo agus, i gcodarsnacht le Curaclam na Bunscoile 1999, thug Curaclam Teanga na Bunscoile aitheantas cuí don réimse teanga a bhí sna cineálacha éagsúla scoileanna sin. Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil éagsúlacht cumais ó thaobh na Gaeilge de i measc na bpáistí atá sna scoileanna seo. I gCuraclam Teanga na Bunscoile deirtear:

'Tá Curaclam Teanga na Bunscoile ann le haghaidh múinteoirí páistí de gach cineál cumais i ngach comhthéacs scoile. I measc na gcomhthéacsanna scoile don churaclam seo tá scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge, scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc iontu agus scoileanna speisialta.'

Úsáideann Curaclam Teanga na Bunscoile scála idir A agus H le léibhéal Gaeilge an ranga a mheas. Bítear ag súil leis go mbeidh Scoileanna Gaeltachta ag barr an scála seo, Gaelscoileanna idir bharr agus lár an scála agus gnáthscoileanna Béarla idir lár agus bun an scála.

An tríú doiciméad de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna gur gá breathnú air ná an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (2016). An aidhm atá leis an doiciméad seo ná stádas na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta a threisiú. An fhís atá ag an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 ná an Ghaeilge a láidriú, ní hamháin ar bhonn sóisialta ach ar bhonn oideachasúil freisin.

'Tá an Roinn tiomanta lena chinntiú go gcuirtear tacaíocht idirdhealaithe ar fáil d'fhorbairt agus sóisialú Gaeilge na gcainteoirí dúchais laistigh den chóras scolaíochta i limistéir Ghaeltachta.'

(An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016).

Tá an polasaí seo á chur i bhfeidhm le cúpla bliain anuas. Tá an-bhéim ar an luath-thumoideachas i ranganna na naíonán ach tá seans, ag an am a bhfuil an taighde reatha seo á dhéanamh agus cé go bhfuil an Polasaí tar éis dul i bhfeidhm ar gach rang, gur lú an tionchar atá aige ar na hardranganna. Tá sé sin ag tarlú ag am go mb'fhéidir go bhfuil an Ghaeilge mar theanga bheo ag an léibhéal is ísle i measc daltaí den aois sin. Is dócha, mar sin féin, go rachaidh an Polasaí i bhfeidhm de réir a chéile ar dhearcadh agus ar úsáid na Gaeilge i measc páistí Rang 5 agus Rang 6 sa Ghaeltacht.

Ó bhunú an stáit bhí an Ghaeilge lárnach i gcuraclam na bunscoile agus, cé nach raibh an téarma 'Gaelscoil' sa litríocht, is trí Ghaeilge a múineadh na ranganna bunscoile. Cineál tumoideachais a bhí anseo ach i ndáiríre '*is córas éigeantach a bhí ann inar múineadh ranganna na naíonán trí Ghaeilge amháin*' (Ní Shéaghdha, 2010) agus ní raibh tacaíocht iomlán an phobail ann dó. Sna 1960idí tháinig deireadh leis an éigeantacht seo de bharr brú ó thuismitheoirí agus amhras faoi bhuntáistí an oideachais dhátheangaigh. Ó chóras ina raibh na bunscoileanna go léir ag múineadh trí mheán na Gaeilge tríocha bliain roimhe sin, ní raibh anois ach 11 bunscoil sa tír ag múineadh trí mheán na Gaeilge lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta. Dar ndóigh is trí Ghaeilge amháin a bhí na bunscoileanna ag feidhmiú sa Ghaeltacht. Sna 1970idí tháinig gluaiseacht na

Gaelscolaíochta chun cinn, gluaiseacht a bhí á tiomáint ag tuismitheoirí a bhí ag éileamh na teanga ón mbun aníos. Is córas tumoideachais roghnach a bhí anseo i ndáiríre ag cur oideachas bunscoile trí mheán na Gaeilge ar fáil lasmuigh den Ghaeltacht. Forbairt phobail Ghaeilge a bhí mar aidhm ag na tuismitheoirí a bhunaigh agus a chuir na Gaelscoileanna chun cinn.

Go dtí tús na 1970idí, cé go raibh cláir á bhforbairt do mhúineadh na Gaeilge, ba bheag trialacha caighdeánacha a bhí ann chun caighdeán na Gaeilge a thomhas sna scoileanna agus is de réir treoracha ón Roinn Oideachais a múnlaíodh an córas oideachas.

'No objective test information is available on speaking and listening skills in Irish, the stability of achievement in these areas from year to year, or the factors which may affect achievement' (Harris, 1982).

Is ar chúrsaí teoirice agus gnóthachtála i nGaeilge sa seomra ranga a bhí an-chuid den taighde ba luaithe a rinneadh in Éirinn bunaithe, taighde a thosaigh sna 1980idí ag údair ar nós Harris (1982) agus Harris agus Murtagh (1987). Is dírithe ar chumas labhartha agus éisteachta na ndaltaí is mó a bhí an obair seo. Bhí obair thaighde den chineál céanna ar bun i suíomhanna tumoideachais na Fraincise i gCeanada sna 1980idí ag Cummins agus Swain (1986), ar chumas cumarsáide agus inniúlachta daltaí, agus ag Adiv (1980) a bhí ar chumas teangeolaíochta daltaí.

Bhí Gaelscoileanna á mbunú agus ag forbairt i rith na 1980idí agus ó shin i leith (11 bunscoil lasmuigh den Ghaeltacht i 1972, 145 bunscoil i 2017) (Gaelscoileanna.ie, 2017). Thuig tuismitheoirí na bpáistí a bhí ag freastal ar na scoileanna seo an tábhacht a bhí le deiseanna a fhorbairt dá bpáistí an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga agus bhíodar ag díriú ar phobal labhartha Gaeilge a chruthú chun tacú lena bpáistí agus dar ndóigh bhí tionchar aige seo ar dhearcadh agus ar úsáid na Gaeilge ag na páistí.

Ag an am céanna a bhí borradh ag teacht ar an nGaelscolaíocht lasmuigh den Ghaeltacht, bhí cúis inní ann maidir le cúngú na nGaeltachtaí féin. Chomh maith le cúngú na Gaeltachta sna 1990idí, bhí méadú ag teacht ar líon na dteaghlach, nárbh í an Ghaeilge a dteanga dúchais, a bhí ag clárú sna scoileanna Gaeltachta, a bhuíochas sin don bhorradh eacnamaíochta a tharla in Éirinn le linn an ama seo.

Ó thaobh an taighde sna 1990idí de, bhí athrú le feiceáil ar threocht na taighde ón ngnóthachtáil sa seomra ranga go húsáid na teanga mar chóras cumarsáide. D'aithin Baker (2003) an tábhacht a bhí le pleananna a bhunú chun úsáid na Gaeilge sa phobal a leathnú:

'there is a danger that the language becomes a language of school but not of play; a language of the content delivery of the classroom but not of peer culture.' (Baker, 2003).

Tharraing obair thaighde Ní Shéaghdha (2010) aird ar shaibhriú, ar shealbhú agus ar shóisialú na Gaeilge agus ar an tábhacht a bhain leis na céimeanna seo do dhaltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga. Cé gur ar cheantair Ghaeltachta a bhí a cuid oibre dírithe, tá comparáidí le déanamh eatarthu agus na Gaelscoileanna i gceantair uirbeacha. Rinne sí tagairt do ról an mhúinteora agus na scoile ó thaobh teanga shóisialta na ndaltaí a fhorbairt chomh maith leis an sealbhú agus an saibhriú.

In obair thaighde Uí Ghiollagáin et al (2009), moltar an teagasc ar fad i gceantair Ghaeltachta ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal a riaradh trí Ghaeilge ón gcéad lá scoile agus moltar go mbeadh polasaí iompar teanga á chur i bhfeidhm sna scoileanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga shóisialta lasmuigh den seomra ranga. Moladh freisin raon socruithe ar nós clubanna óige, campaí samhraidh, imeachtaí spóirt agus caitheamh aimsire eile. Go bunúsach is moltaí iad seo a thacódh le sealbhú, le saibhriú agus le sóisialú na teanga mar a luaigh Ní Shéaghdha.

I gcás na hoibre a rinne na húdair thuas, leagadh an bhéim ar ról agus ar thuairimí an mhúinteora, an phríomhoide agus na scoile. Ní raibh guth na ndaltaí le cloisteáil go láidir cé go dtuigtear go mbeadh tuiscint mhaith ag a múinteoirí ar a dtuairimí. Rinneadh tagairt go minic d'úsáid agus do chumas na ndaltaí sa Ghaeilge ach ní raibh dearcadh na ndaltaí i leith na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge ag na daltaí san áireamh sa taighde. Bhainfeadh sé seo le daltaí sna scoileanna Gaeltachta agus sna Gaelscoileanna ach go háirithe.

In obair Uí Ghiollagáin et al, 2009, moladh an teagasc ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal i gceantair Ghaeltachta i gCatagóir A (mínítear an bunús atá leis na catagóirí thíos) a riaradh trí Ghaeilge ón gcéad lá scoile agus go mbeadh polasaí iompar teanga i bhfeidhm sna scoileanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga shóisialta lasmuigh den seomra ranga. Moladh freisin

'...socruiithe faoi leith a chur i bhfearas sna limistéir seo chun tacú

le leanaí nach bhfuil an Ghaeilge acu an teanga a shealbhú sula

bhfreastalóidh siad ar naíonra, ar bhunscoil nó ar iar-bhunscoil.' (Ó Giollagáin et al, 2009).

Díríonn Ó Duibhir (2009) ina staidéar cuimsitheach ar dhaltaí Rang 6 i scoileanna tumoideachais in Éirinn ar ról na ndearccháí agus an spreagadh ó thaobh na ndaltaí de. San obair a rinne sé i bhfoirm ceistneora maidir le dearcadh agus spreagadh agus maidir le húsáid na Gaeilge feictear anailís ar thuairimí na ndaltaí go soiléir. Chuir a chuid torthaí in iúl dó go raibh dearcadh an-dearfach agus spreagadh an-dearfach ag na daltaí sa suirbhé a rinne sé.

I gcomhthéacs an obair thaighde a bhí ar siúl in Éirinn go dtí sin, is é seo an chéad uair go bhfacthas go soiléir aird á tabhairt ar dhearcadh na ndaltaí maidir leis an nGaeilge agus maidir le húsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil.

Rinne Ó Duibhir et al. (2015) taighde ar an oideachas trí mheán na mionteangacha i dtíortha eile. Luadh cás an dátheangachais i gcás na Fraincise i gCeanada ach tá áiteanna eile ar domhan inar féidir linn féachaint ar mhionteangacha atá beo ach imní ann fúthu. Ina measc seo tá an Bhreatanais sa Bhreatain Beag, An Bhascais agus an Chatalóinis sa Spáinn agus An Maori sa Nua-Shéalainn.

D'fhéach Ó Duibhir et al. (2015) ar dtús ar na cinéalacha éagsúla córais oideachais dhátheangacha atá ann. Sa tumoideachas in Éirinn go minic ní labhraítear Béarla leis na daltaí ar scoil ar chor ar bith go dtí go sroicheann siad Rang 1. Is mar seo atá toisc nach mbíonn an Ghaeilge le cloisteáil acu mórán lasmuigh den scoil. I scoileanna na Gaeltachta, dar le Ó Duibhir, úsáidtear córas oideachais dhátheangaigh nó oideachas sa teanga dhúchais. Is í an Ghaeilge an chéad teanga a bhíonn ag na daltaí, don chuid is mó, agus bíonn sí in úsáid mar theanga chumarsáide acu go laethúil.

Roinneann Ó Duibhir na scoileanna seo ina scoileanna ina bhfeictear dhátheangachas dealaitheach nó dhátheangachas suimitheach. Sa dátheangachas dealaitheach bíonn an dara teanga (an Béarla i gcás na hÉireann) ag cur isteach ar shealbhú an chéad teanga (an Ghaeilge). Sa dátheangachas suimitheach is a mhalairt de scéal a bhíonn ann agus bíonn foghlaim an dara teanga ag tarlú gan cur isteach ar an gcéad teanga. Dar ndóigh, is é an dátheangachas suimitheach an cás idéalach. Tá na cinéalacha éagsúla seo le feiceáil in Éirinn toisc go bhfuil riachtanais na nGaelscoileanna agus riachtanais na scoileanna Gaeltachta an-éagsúil óna chéile. Gan dabht bheadh tionchar ag na cinéalacha éagsúla oideachais dátheangaigh seo ar dhearcadh agus ar úsáid na Gaeilge ag na páistí atá iontu.

'Aithnítear san idirdhealú seo go bhfuil difríochtaí idir riachtanais na bhfoghlaimoírí Gaeilge taobh istigh de chóras tumoideachais, agus riachtanais na gcainteoirí

dúchais i gclár dátheangach cothabhála nó oidhreachta.' (Ó Duibhir, et al., 2015).

Tá córais cosúil leis an tumoideachas in úsáid i gcomhthéacsanna eile, mar shampla i Havái agus sa Nua-Shéalainn.

I measc na gceantar ar a ndearna Ó Duibhir taighde tá an córas oideachais dhátheangach (Béarla agus Fraincis) i gCeanada, áit a ndearna Landry (2007) taighde freisin. Dar le Ó Duibhir (2015) is in Acht na dTeangacha Oifigiúla 1969 a tugadh stádas don Bhéarla agus don Fhraincis mar theangacha oifigiúla i gCeanada. Ag an am sin, dar le daonáireamh na bliana 2006 i gCeanada, bhí 81.4% de na cainteoirí Fraincise ina gcónaí in Quebec agus ba theanga mhionlaigh í an Fhraincis sna ceantair taobh amuigh de Quebec. Tá cosúlacht idir seo agus cás na Gaeilge in Éirinn ina bhfuil formhór na gcainteoirí ina gcónaí i gceantair Ghaeltachta.

Is sna 1970í a bunaíodh an córas tumoideachas Fraincise i gCeanada don chéad uair agus d'éirigh go han-mhaith leis. Tá dhá chinéal scoile ann i dteannta na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla - scoileanna Fraincise agus scoileanna tumoideachais Fraincise - agus tá na scoileanna seo iomlán éagsúil óna chéile, dar le Ó Duibhir (2015). Sna scoileanna tumoideachais Fraincise tá an Fhraincis mar an dara teanga ag na scoláirí. Tá sé de cheart ag páistí a gcuid oideachas a fháil trí Fhraincis i gceantair Béarla nó trí Bhéarla i gceantair Fraincise agus é seo ag brath ar an teanga trína bhfuair tuismitheoirí an pháiste nó ball clainne eile a gcuid oideachais.

Dar le Landry (2015), tá tuismitheoirí ann gur mhaith leo go mbeadh an méid céanna Fraincise agus Béarla á ndéanamh sna scoileanna tumoideachais Fraincise ach ceapann sé féin go gcruthódh sé sin dhátheangachas dealaitheach. Creideann Landry gur gá go mbeadh an Fhraincis mar theanga labhartha ranga sna scoileanna seo, seachas nuair atá ceachtanna Béarla ar bun acu. Freisin, dúirt sé go bhfuil nasc idir an scoil agus an baile agus go gcaithfear an teanga a chur chun cinn sa bhaile chun dhátheangachas suimitheach a fhorbairt ann. Tá na tuairimí seo go léir fíor i gcás na Gaelscolaíochta in Éirinn freisin

agus braitheann an dátheangachas dealaitheach nó suimitheach go mór ar dhearcadh na bpáistí agus ar an úsáid a bhaineann siad as an teanga.

Molann Ó Duibhir (2015) gur chóir breathnú ar an idirdhealú a dhéantar idir scoileanna Fraincise agus scoileanna tumoideachais Fraincise i gCeanada i dtaobh na Gaelscolaíochta in Éirinn agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil do chainteoirí dúchasacha.

Is de bharr na hoibre thuas atá an obair atá ar bun anseo á dhíriú ar dhaltaí i Rang 5 agus i Rang 6 i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna agus é mar aidhm ag an taighdeoir comparáid a dhéanamh idir dhaltaí na scoileanna seo maidir lena ndearthaí i leith na Gaeilge agus an úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge.

Sa taighde a rinne Ó Giollagáin agus Mac Donnacha (2009) ar leibhéal labhartha na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta éagsúla in Éirinn, mhol siad gur chóir na ceantair Ghaeltachta a rangú i gceann ar leith de thrí chatagóirí éagsúla bunaithe ar úsáid na Gaeilge sa cheantar, mar a léiríodh i ndaonáireamh 2002 é. De réir an scála a chruthaigh siad, chuir siad na ceantair Ghaeltachta ina mbaintear an méid is mó úsáide as an nGaeilge go laethúil i gCatagóir A (breis is 67% de chainteoirí Gaeilge laethúla), na ceantair Ghaeltachta ina mbaintear an úsáid laethúil is lú as an nGaeilge i gCatagóir C (níos lú ná 43% de chainteoirí Gaeilge laethúla) agus na ceantair Ghaeltachta le léibhéal úsáide a thiteann idir an dá leibhéal seo i gCatagóir B (44% - 66%).

Bunaithe ar chatagóirí Uí Ghiollagáin agus Mhic Dhonncha, rinne Torsten Dörflinger (2015) taighde ar dhearcadh agus ar úsáid na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta i gContae Dhún na nGall. San taighde a rinne sé ar 268 páiste, idir ocht mbliana d'aois agus ocht mbliana déag d'aois i scoileanna i gCatagóirí A agus C, thaispeáin sé go raibh éagsúlacht shuntasach ann idir dhearcadh agus úsáid na Gaeilge ó cheantar amháin go ceantar eile. Dúirt 60% de na rannpháirtithe i gceantar i gCatagóir A gur cainteoirí laethúla iad lasmuigh den scoil ach ní raibh ach 14% de na rannpháirtithe sa cheantar i

gCatagóir C a dúirt gur bhain siad úsáid as an teanga go laethúil taobh amuigh d'am scoile, rud a luíonn le leagan amach na gcatagóirí ag Ó Giollagáin agus Mac Donncha. Ina ainneoin seo, theastaigh ó na rannpháirtithe i ngach Catagóir i nDún na nGall go mbeadh níos mó deiseanna acu Gaeilge a labhairt lasmuigh den scoil agus d'am clainne. Tugadh freagraí dearfacha, don chuid is mó, ar cheisteanna bunaithe ar shuim na rannpháirtithe in ócáidí shóisialta (clubanna óige, gníomhaíochtaí seach-churaclaim) agus i gcláir theilifíse trí mheán na Gaeilge.

Tá an taighde a rinne Dörflinger ag cur le taighde Uí Ghiollagáin agus Mhic Dhonnacha ach tugann sé eolas breise ar dhearcadh an aos óg. Mar a luann Dörflinger (2015) is iad an ghlúin a ghlac páirt ina thaighde siúd is mó a bheidh an ról acu go luath maidir leis an nGaeilge a choimeád beo sa Ghaeltacht nó ligean di dul in éag.

Dar le Ó Giollagáin agus Mac Donnacha (2009) agus Dörflinger (2015), tá éagsúlachtaí ann i léibhéal úsáide na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta éagsúla. Tá Nic Fhlannchadha agus Hickey (2015) den tuairim go bhfuil cúlú ag teacht ar líon na dteaghlach sa Ghaeltacht a dhéanann cinneadh an Ghaeilge a labhairt sa bhaile. Dar le Nic Fhlannchadha agus Hickey, is a mhalairt de scéal atá ann sa Ghalltacht agus go bhfuil fás ag teacht ar líon na gcainteoirí gurb í an Ghaeilge an dara teanga acu. Tá an fás seo ag tarlú lasmuigh de cheantair Ghaeltachta. Aithníonn siad tionchar agus tacaíocht na mbunscoileanna agus na meánscoileanna lán-Ghaeilge atá á mbunú, chomh maith leampaí samhraidh, aitheantas don Ghaeilge mar theanga oifigiúil san Aontas Eorpach agus nithe eile.

Sa taighde a rinne Nic Fhlannchadha agus Hickey (2015) pléitear an tuairim nach í Gaeilge na Gaeltachta amháin an cineál Gaeilge inmhianithe ach go bhfuil fás ag teacht ar an nGaeilge neamhthraidisiúnta a leanann an Caighdeán Oifigiúil. Is Gaeilge den chinéal seo atá in úsáid i mórán Gaelscoileanna atá suite lasmuigh den Ghaeltacht.

I gcomhthéacs an léirbhreithnithe seo tá sé tábhachtach eolas a bhailiú ar na héagsúlachtaí, idir úsáid na Gaeilge agus dearcadh maidir leis an nGaeilge, ag leanaí scoile Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Is ar an mbonn seo a roghnaigh an taighdeoir an obair thaighde reatha seo ag súil leis go gcuirfidh toradh na hoibre leis an stór eolais atá ann faoi láthair.

3. Modheolaíocht

Tugann an chaibidil seo breac-chuntas ar an modh taighde a úsáideadh sa tionscnamh taighde seo, chomh maith leis an reasúnaíocht a bhain leis an modheolaíocht seo a roghnú agus a úsáid. Theastaigh ón taighdeoir tuairimí a fháil ó pháistí atá ag freastal ar Ghaelscoileanna de chineálacha éagsúla maidir lena ndearcadh i leith na Gaeilge agus maidir leis an úsáid a bhaineann siad aisti ar scoil agus lasmuigh den scoil. Bhí sé tábhachtach tuairimí agus dearchtaí a fháil ó pháistí atá á dtógáil i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht le comparáid a dhéanamh idir na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá sna tuairimí agus sna dearchtaí atá acu i leith na Gaeilge. Rinneadh ceistneoirí le páistí Rang 5 agus Rang 6 atá ag freastal ar Ghaelscoil amháin atá suite lasmuigh den Ghaeltacht agus ar thrí scoil sa Ghaeltacht leis an taighde a chomhlíonadh. Déanfar tagairt ar na scoileanna as seo amach mar SLG (Scoil Lán Ghaeilge) agus GSG (Gaelscoileanna Ghaeltachta).

Dearadh an Taighde

An aidhm a bhí ag an taighde seo ná léargas a fháil ar na dearchtaí atá ag páistí Rang 5 agus Rang 6 i leith na Gaeilge chomh maith le comparáid a dhéanamh idir na dearchtaí seo ag páistí in GSG agus in SLG. Bheadh léargas á fháil freisin ar úsáid na Gaeilge ar scoil agus taobh amuigh den scoil ag páistí sa dá chineál scoile. Rinne an taighdeoir taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil a mheas chun na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhain leis an dá chinéal taighde a chur faoi chaibidil i dtreo go bhféadfá cinneadh a dhéanamh ar an gcinéal taighde is fearr a d'oirfeadh don taighde seo.

Dar leis an lámhleabhar a dhear Denzlin agus Lincoln (2011) bíonn taighde cáilíochtúil oscailte mar bhealach taighde. Chuir Kennedy agus Montgomery (2018) leis an tuairim seo agus iad ag rá go mbíonn níos lú smachta ag an taighdeoir nuair a bhíonn

taighde cáilíochtúil i bhfeidhm. Tugann taighde cáilíochtúil eolas níos suibichtúla don taighdeoir toisc go mbíonn suíomh níos realaí agus níos nádúrtha ann don rannpháirtí. I measc na n-uirlisí a úsáidtear mar chuid de thaighde cáilíochtúil tá agallaimh, fócasghrúpaí agus eitneagrafaíocht. (Kennedy & Montgomery, 2018).

I gcás taighde cainníochtúil ar an lámh eile, bíonn na huirlisí a úsáidtear níos structúrtha ná na huirlisí a bhíonn in úsáid don taighde cáilíochtúil. Bíonn taighdeoirí a bhaineann úsáid as taighde cainníochtúil go hiondúil ag iarraidh rud éigin a thomhas. Go minic úsáideann siad suirbhéanna, ceistneoirí nó turgnaimh chun taighde cainníochtúil a chur i gcrích (SIS International Research, n.d.). Baintear úsáid as na huirlisí seo toisc go dtugann siad torthaí atá éasca a thomhas toisc go mbíonn uimhreacha cinnte ag an taighdeoir le breathnú orthu.

An míbhuntáiste is mó a bhrath an taighdeoir seo le taighde cáilíochtúil ná go mbeadh sampla fíor-bheag le fáil don taighde. *“This sampling was selective and purposive, focused on instructors with high levels of expertise in each setting, rather than aiming to be representative of educators in the particular countries or institutions.”* (Cumming, 2001).

Theastaigh ón taighdeoir sampla níos mó a fháil ó na scoileanna a bhí ag glacadh páirte sa taighde chun comparáid níos beaichte agus níos doimhne a dhéanamh idir na scoileanna. Mar gheall air seo, socraíodh go mbeadh taighde cainníochtúil, i bhfoirm ceistneora, níos éifeachtaí i gcás an taighde seo.

An Uirlis Thaighde - Ceistneoir

Bhain an taighde seo úsáid as ceistneoirí le heolas a bhailiú. Dar le Carr (1994) tá an taighde cainníochtúil níos oibiachtúla toisc go bhfuil sampláil randamach i gceist leis. Chomh maith leis seo tá sampla níos mó i gceist leis an taighde cainníochtúil, rud a bhí

oiriúnach don taighde seo toisc gur theastaigh ón taighdeoir ceisteanna ilrogha a chur ar na rannpháirtithe chun a dtuairimí a bhailiú. Toisc go raibh comparáid i gceist leis an taighde seo rinneadh an cinneadh go mbeadh sé níos oiriúnaí ceistneoirí a úsáid chun blas níos leithne a fháil den úsáid agus de na dearthaí atá ag na páistí i leith na Gaeilge. Ar an mbealach seo bheadh an taighdeoir ábalta na torthaí a chur i gcomparáid i bhfoirm uimhreacha nó i bhfoirm céatadáin agus, dar ndóigh, is é taighde cainníochtúil an bealach is fiúntaí chun é seo a dhéanamh. Chomh maith leis sin bheadh sampla níos mó á thógáil ag an taighdeoir agus dá bhrí sin, go hidéalach, bheadh torthaí níos beaichte le fáil ón taighde. *"The advantage of results obtained from random sampling is that the findings have an increased likelihood of being generalizable"* (Carr, 1994).

Toisc go raibh an taighde á reachtáil trí Ghaeilge bhí sé tábhachtach don taighdeoir a bheith i láthair agus an ceistneoir á chomhlíonadh ag na páistí i ngach ceann de na scoileanna a ghlac páirt sa staidéar. Thabharfadh sé seo an deis do na páistí ceisteanna a chur dá mbeadh aon deacracht nó easpa tuisceana acu leis an gceistneoir. Bhí sé tábhachtach freisin go mbeadh na páistí ar chomhchéim agus iad ag líonadh na gceistneoirí seachas cúpla páiste a bheith i bhfad chun tosaigh ar an gcuid eile den rang.

Toisc go raibh an taighdeoir ag tabhairt cuairte ar raon scoileanna bhí sé tábhachtach go dtabharfaí treoracha ionanna do gach grúpa. Bhí sé rí-thábhachtach nach mbeadh breis nó easpa treorach á fháil ag aon pháiste in aon scoil. I ngach scoil bhí an taighdeoir sásta foclóir ar bith a shoiléiriú do na páistí nó míniú gairid a thabhairt dóibh chun aon mhíthuiscint a réiteach ach bhí an taighdeoir cúramach i gcónaí gan aon bhreis eolais a thabhairt a mbeadh tionchar aige ar fhreagraí na bpáistí. Rinneadh é seo chun a chinntiú gurb iad tuairimí na bpáistí ag an bpointe freagartha a bhí á bhfáil toisc go ndeir Williams

'..the researcher tends to capture phenomena at the moment. This method is used for sampling data from respondents that are representative of a

population and uses a closed ended instrument or open-ended items'.

(Williams, 2007).

Rannpháirtithe a aimsiú

Ghlac ceithre scoileanna páirt sa taighde seo. Roghnaíodh SLG amháin atá suite i mBaile Átha Cliath. Is SLG mhór í seo ina raibh tuairim is 60 páiste i ngach grúpa ranga. Roghnaíodh Rang 5 amháin agus Rang 6 amháin go randamach chun páirt a ghlacadh sa taighde. Toisc go raibh líon mór páistí sa scoil seo bhí ar an taighdeoir trí GSG a úsáid chun go mbeadh an sampla gar in uimhreacha don sampla SLG. Bhí ar an taighdeoir a chinntiú go raibh na GSG sin lonnaithe sa cheantar Gaeltachta céanna le cinntiú go mbeadh an sampla seasmhach ach ag cinntiú ag an am céanna nach mbeadh na scoileanna ró-ghar dá chéile chun go mbeadh léargas le fáil ar an gceantar iomlán. I ngach scoil bhí meascán de bhuachaillí agus de chailíní ó Rang 5 agus ó Rang 6 sa sampla. Sa tábla thíos taispeántar líon na bpáistí a ghlac páirt sa suirbhé ach gan aon scoil á hainmniú.

Ainm na Scoile	Ceantar	Líon páistí
Scoil A	Scoil Lán-Ghaeilge	52
Scoil B	Gaelscoil Ghaeltachta	23
Scoil C	Gaelscoil Ghaeltachta	12
Scoil D	Gaelscoil Ghaeltachta	11

Léiríonn sé seo go raibh 52 páiste ó SLG amháin i mBaile Átha Cliath a ghlac páirt sa taighde agus 46 páiste idir na trí GSG.

Cuireadh do rannpháirtithe páirt a ghlacadh sa taighde

Lorgaíodh agus fuarthas cead ó na Príomhoidí agus ó na Boird Bainisíochta sna ceithre scoileanna trí ríomhphost a sheoladh chucu. Tugadh cuireadh do cheithre scoil eile páirt a ghlacadh ach dhiúltaíodar nó ní bhfuarthas freagra uatha. I gcás na bpríomhoidí a thoiligh páirt a ghlacadh, cuireadh pacáiste eolais amach chucu. Sa phacáiste sin bhí litir aontaithe a bhí le síniú ag an bpríomhoide, litir aontaithe a bhí le síniú ag tuismitheoir / caomhnóir gach rannpháirtí agus litir aontaithe a bhí le síniú ag gach páiste a bhí ag glacadh páirte sa taighde. Tá samplaí de na litreacha aontaithe seo in Aguisíní B, C agus D, faoi seach. Bhí eolas faoin taighde le fáil ar na litreacha uile ag tabhairt breac-chuntas ar aidhmeanna an stáidéir agus ar na modhanna a bheadh in úsáid leis an taighde a reachtáil. Ar na litreacha sin bhí sé soiléir do gach rannpháirtí agus dá t(h)uismitheoir / c(h)aomhnóir go mbeadh tosaíocht á tabhairt do phríobháideachas na rannpháirtitithe. Cuireadh in iúl dóibh nach mbeadh ainm aon scoil nó aon pháiste á lua agus go scriosfaí gach doiciméad sé mhí tar éis don taighdeoir an tionscnamh a chríochnú. Bhí sé soiléir ar an litir freisin go bhféadfadh rannpháirtí ar bith aistarraingt ón taighde ag am ar bith gan aon phionóis. Cuireadh na litreacha aontaithe chun na scoileanna ar a laghad seachtain roimh don taighdeoir teacht leis an taighde a dhéanamh le am a thabhairt dóibh é a léamh agus dul i dteagmháil leis an taighdeoir dá mbeadh gá leis.

An ceistneoir a chur i bhfeidhm

Bhí ar gach príomhoide, tuismitheoir / caomhnóir agus páiste litir a shíniú ag dearbhú go raibh an t-eolas léite agus gur thuigeadar é sular thosaigh na páistí ag comhlíonadh an cheistneora. Is ina scoil féin i rith am scoile a bhí an taighdeoir i láthair chun na páistí a stiúradh leis an gceistneoir a chomhlíonadh. Chuir an taighdeoir ina luí ar gach rannpháirtí gan a (h)ainm a scríobh ar an gceistneoir agus dá ndéanfaidís sin nach

mbeadh a c(h)eistneoir in úsáid mar chuid den taighde. Stiúraigh an taighdeoir na páistí tríd an gceistneoir leathanach ar leathanch agus fuair gach rannpháirtí sna scoileanna éagsúla na teoracha céanna go díreach ón taighdeoir. Bhí an taighdeoir i láthair le ceisteanna foclóra nó foclaíochta a fhreagairt ach ní chun tuairimí an taighdeora a thabhairt do na páistí.

Teorainneacha an cheistneora mar uirlis thaighde

Dar le Holmes agus Hazen (2014) tá roinnt teorainneacha a bhaineann le ceistneoirí a úsáid mar uirlis thaighde. Baineann cuid de na teorainneacha seo le míthuiscint a bheith ar na rannpháirtithe agus na ceisteanna á léamh acu. Ach rinne an taighdeoir laghdú ar an tionchar a bheadh ag an teorainn sin ar an taighde trí bheith i láthair mar chuiditheoir agus na rannpháirtithe ag comhlíonadh an cheistneora.

Teorainn eile a luaigh Holmes agus Hazen ná go n-éiríonn na rannpháirtithe tuirseach agus iad ag druidim i dtreo dheireadh an cheistneora, rud a chiallaíonn go bhféadfadh na freagraí atá á dtabhairt acu a bheith míchruinn. Chomh maith leis sin, teorainn eile a luaigh siad a mbeadh tionchar aici ar an taighde seo ná go bhféadfadh rannpháirtithe freagra a thabhairt a cheapann siad a thabharfadh léiriú níos fearr orthu seachas freagra a thugann macasamhail cruinn dá dtuairimí. *'... may (consciously or not) answer in a way that reflects what they believe is the desirable answer in order to present themselves in a good light'. (Holmes & Hazen, 2014).*

Cúrsaí eiticiúla

Tá sé cinn de bhunphrionsabail ina gcód iompar ag an American Psychological Association (1992) i dtaobh eitici de. An phríomhaidhm atá ag na prionsabail seo ná

daoine lena mbíonn síceolaithe ag obair a choimeád slán sábhailte. Is féidir na prionsabail seo a chur i bhfeidhm i mórán earnálacha éagsúla, earnáil an oideachais ina measc. I measc na mbunphrionsabal seo tá '*respect for people's rights and dignity*' agus '*concern for others welfare*' (American Psychological Association, 1992). Cuireann an APA béim freisin ar na dualgais ghairmiúla a bhíonn ar thaighdeoirí, ina measc seo tá cuntais a choimeád ar chéimeanna an taighde.

Tá cúrsaí eiticiúla ríthábhachtach agus taighde ar bith ar bun ach tá na cúrsaí eiticiúla seo níos tábhachtaí fós agus páistí páirteach sa taighde. Déanann Greene agus Hogan (2005) plé ar an tuairim go mbíonn riachtanais eiticiúla éagsúla i bhfeidhm nuair a bhíonn taighde á dhéanamh le páistí seachas le daoine fásta. Go minic aithnítear páistí mar ghrúpa a bhíonn leochaileach ó thaobh taighde de agus dá bharr sin caithfear cead a lorg ar dtús ó '*gatekeepers*'. (Greene & Hogan, 2005). Is éard atá i gceist leis na '*gatekeepers*' seo ná na daoine fásta, príomhoidí agus tuismitheoirí sa chás seo, atá ann le haire a thabhairt don pháiste. Cé go bhfuil cead á lorg ó na '*gatekeepers*' seo, níor chóir go gcuirfeadh taighdeoir a cuid freagrachta féin maidir leis an bpáiste faoi chúram '*gatekeepers*'. (Greene & Hogan, 2005). Cuireadh na ceistneoirí i stóras go sábhailte agus faoi ghlas i dteach agus cuireadh an t-eolas ar aghaidh go ríomhaire príobháideach le pasfhocal nach bhfuil ag éinne seachas an taighdeoir féin. Bhí an taighdeoir feasach freisin go raibh riachtanais ann cead a fháil sular cuireadh tús le haon taighde, rud a bhí ceadaithe ag Institúid Oideachais Marino.

4. Anailís ar Shonraí

An aidhm a bhí leis an taighde seo ná eolas a bhailiú ar thuairimí páistí i Rang 5 agus i Rang 6 ar an úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge chomh maith lena ndearcthaí i leith na Gaeilge agus comparáid a dhéanamh idir pháistí i SLG agus páistí i GSG.

Úsáideadh ceistneoirí chun an t-eolas a bhailiú ó na páistí. Ghlac SLG amháin i mBaile Átha Cliath páirt sa staidéar agus trí GSG i nGaeltacht Chiarraí. Tá an SLG ar cheann de na Gaelscoileanna is sine atá ann lasmuigh den Ghaeltacht agus tá oidhreacht agus cultúr láidir aici i leith na Gaeilge, ábhar suntais ann féin.

Bhí ceithre roinn mar chuid den cheistneoir agus dá bharr sin beidh an taighdeoir ag breathnú ar na sonraí a bailíodh sna ceithre théama sin:

Cuid A: Eolas próifíle na bpáistí

Cuid B: Pátrúin úsáide na Gaeilge ag na páistí


Cuid C: Dearcthaí na bpáistí faoin nGaeilge

Cuid D: Tuairimí oscailte eile ó na páistí

Sa chaibidil seo beidh an taighdeoir ag déanamh iniúchadh ar na sonraí a bailíodh ó na scoileanna uilig. Beidh na sonraí á gcur i láthair go ginearálta chomh maith le comparáid a dhéanamh idir na sonraí a bailíodh ón SLG agus ó na GSG. Theastaigh ón taighdeoir fáil amach an bhfuil difríocht idir an dá chineál scoile seo, mar atá déanta ag Nic Fhlannchadha agus Hickey (2016). Dhírigh an staidéar a rinne Nic Fhlannchadha agus Hickey ar phobail níos sine, mic léinn ollscoile, agus sampla de dhá chineál grúpa ina measc - daoine leis an nGaeilge mar an chéad teanga agus daoine leis an nGaeilge mar an dara teanga acu. Tá cóip den cheistneoir le fáil in Aguisín E.

Eolas Próifile na bPáistí



Úsáideadh an chéad chuid den cheistneoir le heolas a bhailiú ar chúlra na bpáistí le féachaint ar thionchar toscaí cúlra, rud a bhí suntasach i dtaighde Harris et al. (2006). Dar le Harris bíonn éifeacht ag an gcúlra teangeolaíochta, an cúlra oideachasúil agus an cúlra sóisialta agus pearsanta ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge. Is féidir talamh slán a dhéanamh de mar sin go mbíonn éifeacht ag cúlra an pháiste ar úsáid na Gaeilge agus a dearchtaí i leith na Gaeilge. Bhí 98 rannpháirtí a chomhlánaigh an ceistneoir, 52 páiste ón SLG agus 46 páiste ó na GSG. As an 98 rannpháirtí, ba chailíní iad 50% díobh agus ba bhuachaillí iad 50%. Bhí an líon rannpháirtithe i Rang 5 (51%) beagnach comhionann le líon na rannpháirtithe i Rang 6 (49%).





Tá sé speisiúil gur rugadh 11% de thuismitheoirí dhaltaí na SLG sa Ghaeltacht. Ábhar mór suntais, ina theannta sin, nach raibh ach díreach os cionn leath (52%) de thuismitheoirí pháistí na GSG a dúirt gur rugadh iad sa Ghaeltacht. Ciallaíonn sé sin go mb'fhéidir gur de bhunús Gaeltachta iad agus gur fhill siad ar an nGaeltacht ag am éigin, nó go bhfuil siad tagtha go nua chuig an Ghaeltacht ó cheantar eile in Éirinn nó ó thar lear. Cé gur léirigh an taighde gur rugadh idir 5% agus 8% de thuismitheoirí an SLG agus na GSG faoi seach thar lear, níl aon mhíneolas breise air fáil. Is ábhar iontais don taighdeoir é gan ach leath de thuismitheoirí na GSG a bheith de bhunús na Gaeltachta on gliabhán –

d'fhéadfadh tionchar nach beag a bheith aige ar phátrúin úsáide Gaeilge na npáistí lasmuigh den scoil, agus ar a ndearcthaí i leith na Gaeilge.

Cuireadh ceist ar na páistí an raibh mórán Gaeilge agus Béarla acu agus iad ag tosú ar scoil. I gcás an SLG, bhí 79% díobh ar bheagán Gaeilge agus ní raibh duine ar bith ar bheagán Béarla. I gcás na GSG dúirt 50% díobh go rabhadar ar bheagán Gaeilge, figiúr atá ard go maith agus 24% díobh ar bheagán Béarla.



Iarradh ar na páistí an raibh siad sásta gur fhreastail siad ar scoil lán-Ghaeilge. Ba bheag an difríocht idir na scoileanna le 92% agus 93% ag rá go raibh siad sásta gur fhreastalaíodar ar bhunscoil lán-Ghaeilge. 15% agus 11% faoi seach a dúirt go mb'fhearr leo freastal ar scoil Bhéarla. Cé gur beag an difríocht idir na páistí sa dá chineál scoile, caithfear a chur san áireamh go mbíonn rogha ag páistí na SLG (le toil a dtuismitheoirí) freastal ar scoil a bhíonn ag feidhmiú trí Bhéarla. Níl an rogha céanna ag na páistí sa Ghaeltacht mar nach bhfuil aon scoil Bhéarla ar fáil dóibh. Tá baol ann – do mhionlach na bpáistí Gaeltachta seo – go bhféadfadh dúshlán mhóra a bheith acu má thagann siad ó chúlra nach bhfuil Gaeilge ná Béarla mar theanga baile, nó má tá mórdheacrachtaí foghlama acu agus gan Gaeilge ag a dtuismitheoirí chun tacú leo.





Pátrúin Úsáide na Gaeilge ag na Páistí

Phlé Ó Giollagáin agus Mac Donnacha (2009) na Catagóirí a úsáidtear le ceantar Ghaeltachta a rangú. Tá trí Chatagóir ann, A, B agus C. Tá an rangú seo bunaithe ar an úsáid laethúil a bhaintear as an nGaeilge. Tá na GSG a d'úsáid an taighdeoir sa taighde reatha suite i nGaeltacht atá i gCatagóir C, rud a chiallaíonn go bhfuil níos lú ná 43% den phobal ina gcainteoirí laethúla.



Bhain cuid B den cheistneoir le húsáid na Gaeilge ag na rannpháirtithe. I gcás ceisteanna B1 go B5 bhí ar na rannpháirtithe marc a chur ar scála ina raibh cúig chéimeanna minicíochta leantacha ag síneadh ó *beagnach i gcónaí go ní tharlaíonn sé sin*.

Bhí an chéad dá cheist dírithe ar úsáid na Gaeilge leis an gclann sa bhaile agus le cairde sa cheantar baile. 21% de pháistí na SLG a d'úsáid an Ghaeilge go minic nó beagnach i gcónaí (Ceist B1). 48% de pháistí na GSG a dúirt an rud céanna agus is dócha nach cás iontais é sin. Bhí 12% de pháistí na SLG a dúirt nach dtarlaíonn sé sin agus 9% de pháistí na GSG, uimhir atá beagán níos airde ná mar a shamhlófaí do cheantar Gaeltachta.





I gcás labhairt na Gaeilge lena gcairde (Ceist B2), ní raibh ach 6% a labhraíonn Gaeilge leo go minic nó beagnach i gcónaí i gcás na SLG ach bhí 31% i gcás na GSG agus arís bheifí ag súil go mbeadh sé seo níos airde i gcás ceantar Gaeltachta.

I gcás Ceist B3, bhí difríocht shuntasach idir an dá chinéal scoile maidir le labhairt na Gaeilge i gclós na scoile. Dúirt 100% de na daltaí sa SLG go labhraíonn siad Gaeilge i gclós na scoile go minic nó beagnach i gcónaí ach ní raibh ach 81% a dúirt an rud céanna sna GSG. Is rud é seo a luíonn leis an mbéim a chuireann Gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht ar dhaltaí a bheith ag labhairt na Gaeilge i gcónaí ar scoil. B'fhéidir go ndéanann na scoileanna Gaeltachta talamh slán de labhairt na Gaeilge ar scoil agus nach gcuirtear an bhéim chéanna air.



Bhí Ceist B4 bunaithe ar úsáid na Gaeilge ag na rannpháirtithe in áiteanna eile taobh amuigh den scoil. Dúirt 63% de rannpháirtithe ón nGaelscoil go mbaineann siad úsáid as an nGaeilge in áiteanna taobh amuigh den scoil go hannamh nó nach dtarlaíonn sé agus thug 22% ó na GSG an freagra céanna. Tá sé deacair na cúiseanna taobh thiar de seo a mheas i gcás na GSG toisc go mbeadh i bhfad níos mó deiseanna acu an Ghaeilge a labhairt agus iad ag imirt spóirt nó sna siopaí áitiúla. Ní bhíonn an fhéidearthacht chéanna ann do na rannpháirtithe ón SLG agus is rud é seo a bhíonn ina ábhar inní do dhaoine i gceantair taobh amuigh den Ghaeltacht agus iad ag iarraidh a bpáistí a thógáil le Gaeilge.



Is faoi bhreathnú ar chlár theilifíse trí mheán na Gaeilge a bhí Ceist B5 dírithe. Dúirt 65.5% de rannpháirtithe na SLG go dtarlaíonn seo go hannamh nó nach dtarlaíonn sé in aon chor. Leanann na rannpháirtithe ó na GSG an treocht seo agus 50% díobh a thug na freagraí céanna. D'fhreagair 30.5% agus 31%, faoi seach, go mbreathnaíonn siad ar na cláir i nGaeilge anois is arís. Mar sin féin is léir go bhfáiltíonn lucht na Gaeltachta roimh na cláir seo go pointe agus 19% díobh ag breathnú go minic nó beagnach i gcónaí agus gan ach 4% de lucht na SLG sa chás céanna.



Sna trí cheist dheireannacha i gcuid B cuireadh ráitis os comhair na rannpháirtithe agus iarradh orthu an leibhéal aontaithe a bhí acu leis na ráitis sin a chur in iul. Baineadh úsáid as scála ina raibh cúig céimeanna ó *aontaím go mór* go dtí *ní aontaím in aon chor* agus bhí orthu tic a chur le ceann amháin.

Dhírigh Ceist B6 ar ar mhaith leis an rannpháirtí níos mó Gaeilge a úsáid taobh amuigh den scoil ach nach bhfuil Gaeilge thart timpeall orthu. Bhí thart ar an gcéatadán céanna (19%) a d'esaontaigh leis seo ach ar an taobh eile den scála ní raibh ach 8% de pháistí ón SLG ag aontú go mór leis seo ach bhí 20% de pháistí na GSG. Is gá fiosrú níos mó a dhéanamh ar seo ach is cosúil gur mó an t-éileamh ag páistí na GSG ar dheiseanna Gaeilge a labhairt taobh amuigh den scoil nó go léiríonn siad easpa Gaeilge thart orthu. Déanfar plé breise ar seo agus freagraí oscailte á scrúdú.


An ráiteas a bhí ann i gCeist B7 ná go mbíonn eagla ar na páistí Gaeilge a úsáid mar go mb'fhéidir go ndéanfaidís botúin. Níor aontaigh formhór na rannpháirtithe leis an ráiteas seo. Dúirt 76% díobh ón SLG nach n-aontaíonn siad nó nach n-aontaíonn siad in aon chor agus dúirt 65% ó na GSG an rud céanna. Is ábhar iontais é seo go bhfuil na páistí ón SLG níos muiníní an Ghaeilge a labhairt cé nach mbíonn an seans céanna acu í a labhairt lasmuigh den scoil. B'fhéidir go bhfuil eagla ar na rannpháirtithe ó na GSG an Ghaeilge a labhairt toisc go mbítear ag súil le Gaeilge níos cruinne uathu sa bhaile nó ar scoil ná mar a bhítear le páistí na SLG. Ach ní fios – b'fhiú níos mó taighde a dhéanamh air seo amach anseo.



I gceist B8, cuireadh ceist ar na rannpháirtithe an bhfuil sé níos éasca dóibh Gaeilge a úsáid ná Béarla a úsáid. I gcodarsnacht le ceist B7, ní raibh ach 8% de pháistí na Gaelscoile a bhrath go raibh sé níos éasca dóibh Gaeilge a úsáid ná Béarla. D'aontaigh 26% de na rannpháirtithe ó na GSG go raibh sé níos éasca an Ghaeilge a úsáid. In ainneoin na difríochta eatarthu, léiríonn sé seo deacracht atá ag an dá ghrúpa.

Dearcthaí na bPáistí faoin nGaeilge

Sa roinn seo den cheistneoir, Cuid C, theastaigh ón taighdeoir dearcthaí na rannpháirtithe i leith na Gaeilge a mheas. Cosúil leis na ceisteanna ag deireadh cuid B bhí cúig rogha ag na rannpháirtithe do gach ceist ag rangú idir *aontaím go mór* agus *ní aontaím in aon chor*. Bhí tuairimí láidre ag an dá ghrúpa sa chéad trí cheist a léiríonn tacaíocht an dá ghrúpa do labhairt na Gaeilge agus do bhród as an nGaeilge. An chéad ceist a bhí ann (C1) ná go bhfuil áthas agus bród orthu go bhfuil siad ábalta Gaeilge a labhairt. Dúirt 59% ón SLG agus 63% ó na GSG gur aontaigh siad go mór leis an ráiteas sin. Cé go raibh céatadán níos airde ó na GSG a d'aontaigh go mór, bhí 4% a dúirt nár aontaigh siad leis, ach sa Ghaelscoil ní dúirt duine ar bith nár aontaigh siad.



Deir ceist C2 'bíonn náire orm Gaeilge a úsáid taobh amuigh den scoil - b'fhéidir go mbeadh daoine ag magadh fúm'. Arís, tháinig freagra láidir ar an gceist seo. Bhí 0% ón dá scoil a dúirt go n-aontaíonn siad go mór leis an gceist. Dúirt 87% ón SLG nach n-aontaíonn siad nó nach n-aontaíonn siad in aon chor agus bhí 74% ó na GSG a thug an freagra sin freisin.



Cuireadh an ceist an dóigh leat go bhfuil sé amaideach an Ghaeilge a choiméad beo - gur leor an Béarla i gceist C3. Ón SLG dúirt 100% de rannpháirtithe nach n-aontaíonn siad nó nach n-aontaíonn siad in aon chor, rud a dúirt 96% de rannpháirtithe ó na GSG.

Tá sé soiléir ón trí cheist thosaigh i gcuid C gur chúis bhróid í an Ghaeilge d'fhorhmór na rannpháirtithe ón da scoil agus go bhfuil ról lárnach ag an nGaeilge i saoil na rannpháirtithe.

Bhí ceisteanna C4 agus C5 dírithe ar na dearchtaí atá ag na rannpháirtithe ar a gcumas féin sa Ghaeilge. Dhírigh ceist C4 ar labhairt agus léamh na Gaeilge. D'aontaigh formhór na rannpháirtithe go rabhadar go maith ag labhairt agus ag léamh Gaeilge, 64% ón SLG agus 50% ó na GSG. Bhí na rannpháirtithe ó na GSG níos compordaí a admháil gur aontaigh siad go mór. Thug 11% ón SLG an freagra sin agus 25% ó na GSG. Dar le Ó Duibhir (2009), ceapann páistí go minic go mbíonn siad go maith ag labhairt na Gaeilge

ach ní thugann siad faoi deara go mbíonn an Ghaeilge atá acu mí-chruinn. Ce go mbíonn na páistí muiníneach as leibhéal na Gaeilge acu ní hionann sin agus a rá go bhfuil siad chomh cruinn is a cheapann siad. Bíonn sé seo le feiceáil go minic i nGaelscoileanna toisc go scaipeann droch-nósanna go héasca.


Bhí macasamhail de seo le feiceáil i gceist C5, a bhí bunaithe ar chumas na rannpháirtithe i litriú agus i scríobh na Gaeilge. Dúirt 52% de na rannpháirtithe ón SLG gur aontaigh siad go raibh siad go maith ag litriú agus ag scríobh na Gaeilge, rud a dúirt 54% de na rannpháirtithe ó na GSG. Ach arís bhí céatadán níos airde ó na GSG níos muiníní a admháil gur aontaigh siad go mór leis an gceist sin, 22% in aghaidh 11%. Taispeánann an dá cheist seo go bhfuil rannpháirtithe ón Ghaeltacht níos muiníní as a gcuid Gaeilge.



I C6 cuireadh ceist ar na rannpháirtithe ar bhrath siad go mbeadh ag éirí níos fearr leo dá mbeadh siad ag foghlaim trí Bhéarla. Dúirt 64% ón SLG nár aontaigh siad nó nár aontaigh siad in aon chor agus 68% de pháistí na GSG a dúirt an rud céanna.

Bhain ceist C7 leis an tábhacht a bhrath na rannpháirtithe a bheadh ag an nGaeilge ina saol nuair a fhásann siad suas. 52% de pháistí na SLG a dúirt gur aontaigh siad nó gur aontaigh siad go mór go mbeadh Gaeilge tábhachtach ina saol nuair atá siad fásta suas.

63% de rannpháirtithe ó na GSG a thug an freagra céanna. Is rud dearfach é seo toisc gurb iad na rannpháirtithe an ghlúin a bheidh de dhualgas orthu iarracht mhór a dhéanamh an teanga a choimeád beo.



Tá an cheist deiridh i gcuid C dírithe ar arbh fhearr leis na páistí, dá mbeadh rogha acu, freastal ar iar-bhunscoil ina mbíonn siad ag foghlaim trí Bhéarla. 70% de dhaltáí na Gaelscoile a dúirt nár aontaigh siad nó nár aontaigh siad in aon chor leis an ráiteas sin. Bhí freagra an-chosúil ó pháistí na GSG chomh maith agus 72% acu ag tabhairt an freagra céanna. Ach go neamhchosúil, bhí 15% de rannpháirtithe ón Ghaelscoil a dúirt gur aontaigh siad nó gur aontaigh siad go mór, rud nach ndúirt ach 6% de pháistí na GSG. D'fhéadfadh go raibh tionchar ag an tíreolaíocht ar seo. Bheadh ar pháistí ó na GSG taisteal breis is uair an chloig go dtí an iar-bhunscoil is giorra dóibh ina mbeadh siad ábalta foghlaim trí Bhéarla. Ní bheadh an chonstaic chéanna ann do pháistí na SLG le scoileanna ina bhfuil Béarla ina phríomhtheanga chumarsáide le fáil go forleathan sa cheantar máguaird. Ní bheadh fáil ar scoileanna trí mheán an Bhéarla sa cheantar áitiúil do scoláirí na Gaeltachta - is tuairim í seo atá á leiriú i gceisteanna C6, C7 agus C8.

Ar an gcuid is mó léirigh na freagraí ar na ceisteanna uilig i gcuid C dearcadh dearfach i leith na Gaeilge.

Tuairimí Oscailte Eile ó na Páistí

Sa cheathrú cuid den cheistneoir bhí seans ag na páistí leathnú a dhéanamh ar a gcuid dearcthaí i leith na Gaeilge. Bhí seacht gceist sa chuid seo den cheistneoir agus bhí seans ag na rannpháirtithe tuairimí a scríobh do gach ceist.

I gceist D1 cuireadh ceist ar na rannpháirtithe na rudaí a chuireann áthas nó bród orthu faoin nGaeilge. Bhí freagraí an-chosúil le fáil ó rannpháirtithe ón SLG agus ó na GSG. Na freagraí is coitianta a bhí ann don cheist seo ná go raibh bród orthu go rabhadar ábalta an Ghaeilge a labhairt toisc gurb í ár dteanga féin í. Chomh maith leis seo is í an Gaeilge teanga na hÉireann agus bhí bród ar na rannpháirtithe an Ghaeilge a labhairt ar an gcúis sin. Léirigh na freagraí ó na rannpháirtithe bród as a dtír agus as a dteanga. Bhí a lán rannpháirtithe freisin a dúirt go raibh nasc ann idir an Ghaeilge agus stair agus cultúr na hÉireann. Luaigh 41% de na rannpháirtithe a d'fhreagair ceist D1 ceann de na rudaí seo. An freagra coitianta eile a bhí ann don cheist seo ná go raibh bród ar rannpháirtithe go raibh dhá theanga nó teanga eile ar a dtail acu. Bhí seo luaite ag 15% de na rannpháirtithe.

Cheistigh D2 na rannpháirtithe ar na rudaí a chuir eagla nó náire nó míchompord orthu faoin nGaeilge. Ceann de na freagraí a sheas amach ón cheist seo ná an gramadach agus an litriú. Luaigh 13% de na rannpháirtithe go gcuirean siad seo eagla orthu agus go bhfuil sé deacair iad a fhoghlaim. Rud eile a luaitear i dtaobh na ceiste seo ná an míchruinneas. Dúirt 19% de rannpháirtithe go mbíonn eagla orthu agus iad ag caint na Gaeilge go ndéanfaidh siad botúin nó go ndéanfar ceartú orthu. An freagra is coitianta a bhí ann sa cheist seo ná nach bhfuil aon rud a chuireann eagla nó náire nó míchompord orthu faoin nGaeilge, rud a dúirt 29% de rannpháirtithe sa cheist seo.

Bhí réimse leathan freagraí ar cheist D3, na rudaí a cheapann na rannpháirtithe faoi bheith ag freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge. Cuid de na freagraí a bhí luaite ná go mbíonn buntáistí oideachasúla i gceist, mar shampla cabhraíonn sé leo agus iad ag dul ar aghaidh

go dtí an meánscoil agus go gcabhraíonn sé pointí níos airde a fháil san ardteist, rud a luaigh 7% de na rannpháirtithe. Cheap 5.5% díobh go bhfuil ábhair eile níos deacra trí Ghaeilge agus nach bhfuil foclóir in ábhair ar nós stair, tíreolaíocht agus mata ar eolas trí Ghaeilge, rud a cheapann siad a bheidh mar bhac orthu nuair atá siad fásta suas.

Dúirt 12% de rannpháirtithe go bhfuil sé go maith toisc go bhfuil siad dhátheangach nó go gcabhróidh sé leo teangacha eile a fhoghlaim amach anseo. An freagra is coitianta a tháinig ó rannpháirtithe i gceist D3 ná go bhfuil sé go maith nó go dtaitníonn sé leo freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge, rud a luaigh 43% díobh.

Bhí ceist D4 bunaithe ar na rudaí gur dóigh leis na rannpháirtithe nach maith le roinnt leanaí faoin nGaeilge. Cheap 10% díobh go gceapann leanaí go bhfuil an iomarca brú orthu, ó thuismitheoirí agus ó mhúinteoirí, an Ghaeilge a labhairt. Cosúil le ceist D2, bhí deacracht leis an ngramadach arís. Dúirt 23% de na rannpháirtithe gur dóigh leo nach maith le roinnt leanaí an ghramadach. Rinne 34% de rannpháirtithe trácht do dheacracht na Gaeilge agus í a fhoghlaim chomh maith le rá go bhfuil an Ghaeilge níos casta ná an Béarla.

Dhírigh ceist D5 ar na rudaí gur dóigh leis na rannpháirtithe a cheapann a dtuismitheoirí faoin nGaeilge. Arís sa cheist seo, cosúil le ceist D3, tháinig líon mór freagraí dearfacha ó na rannpháirtithe. Luaitear rudaí éagsúla ar nós buntáistí oideachasúla, bród as an teanga agus cé chomh tábhachtach is atá sé go leanfaidh an teanga ar aghaidh. Thug 80% de rannpháirtithe freagraí dearfacha don cheist seo agus dúirt gur mhaith lena dtuismitheoirí an Ghaeilge ar fáthanna éagsúla nó go bhfuil áthas orthu gur féidir leis na páistí í a labhairt. Dúirt 5% de rannpháirtithe nach dtaitníonn an Ghaeilge lena dtuismitheoirí.

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe i gceist D6 faoi na rudaí gur mhaith leo a athrú faoin nGaeilge. Dúirt 10% de na rannpháirtithe a d'fhreagair an cheist gur mhaith leo dá

mbeadh níos mó Gaeilge á mhúineadh i scoileanna nó go mbeadh níos mó Gaelscoileanna ann in Éirinn. Luaigh 18% go mba mhaith leo dá mbeadh an Ghaeilge níos simplí le foghlaim, ag déanamh trácht do ghramadach, do litriú agus do dheacracht na teanga a fhoghlaim. Dúirt 24% de rannpháirtithe go mba mhaith leo dá mbeadh níos mó daoine in Éirinn ábalta an Ghaeilge a labhairt nó go mbeadh sí á labhairt níos minicí ag na daoine go bhfuil labhairt na Gaeilge ar a dtoil acu. Bhí beirt rannpháirtithe a dúirt go bhfuil gá le níos mó leabhair nó úrscéalta atá scríofa trí Ghaeilge.

Conclúid

Sa chaibidil seo rinneadh plé ar na torthaí a tháinig ón taighde seo. Is léir go bhfuil difríochtaí móra le feiceáil idir an dá chineál scoile ach go bhfuil cosúlachtaí le feiceáil eatarthu chomh maith. Dúradh ag tús an taighde nach raibh an taighdeoir ag iarraidh fáil amach cé acu cineál scoile is fearr ach ba é aidhm na hoibre ná comparáid a dhéanamh eatarthu. Cé nach bhfuil dearcadh agus úsáid na Gaeilge ag na páistí ag luí go hiomlán le chéile, tugann na dearcthaí dearfacha atá acu i leith na Gaeilge dóchas go mairfidh an teanga faoina gcúram.

Conclúidí agus Moltaí

Baineadh conclúidí ar leith as an taighde seo a spreag moltaí. Bhí an cuid is mó dóibh bunaithe ar an anailís ar fhreagraí na ndaltaí ach bhí cuid acu bunaithe ar thaithí an taighdeora agus í i mbun na gceistneoirí a chomhlíonadh.

Conclúidí

Is léir gur mó a úsáideann na páistí sa SLG an Ghaeilge taobh amuigh den seomra ranga agus iad ar scoil.

Tá ról na scoile ó thaobh cur chun cinn na Gaeilge an-tábhachtach. Baineann seo le húsáid na teanga i múineadh an churaclaim agus i gcleachtadh na teanga ar scoil taobh amuigh den seomra ranga. Is cinnte gur tugadh an-aird ar pholasaí maidir leis an Ghaeilge a bheith á labhairt lasmuigh den seomra ranga sa chlós, mar shampla, nuair a bhí na SLG á mbunú toisc an oiread Béarla a bhí i dtimpeallacht na ndaltaí, toisc Béarla a bheith go minic mar ghnáth-theanga caidrimh idir na daltaí seo sa cheantar thart ar an mbaile. D'fhéadfadh sé tarlú nár tugadh an aird céanna air sna GSG toisc gur glacadh leis an Ghaeilge a bheith ina ghnáth-theanga sa cheantar maguaird. Pé bunús atá leis, níl dabht ar bith ná go bhfuil labhairt na Gaeilge i measc na ndaltaí ar scoil sna SLG an-láidir.

Bhí difríochtaí reasúnta móra le tabhairt faoi deara idir na GSG féin.

Nuair a bhí na daltaí ag comhlíonadh na gceistneoirí sna scoileanna Gaeltachta éagsúla agus cé nach ndearnadh anailís mion ar na torthaí scoil ar scoil, bhí difríochtaí suntasachta le tabhairt faoi deara idir na scoileanna féin. Seo ceann de na rudaí is mó a sheas amach don taighdeoir agus an suirbhé á chur i gcrích.

Is ábhar iontais é go ndúirt 50% de pháistí na GSG nach raibh aon Ghaeilge nó nach raibh ach beagán Gaeilge acu nuair a thosaigh siad ar scoil.

Is ceist thábhachtach í seo do lucht polasaí Gaeltachta agus ardaíonn sé ceist maidir leis an gá atá le réamh-scolaíocht trí Ghaeilge. D'fhéadfaí nasc a dhéanamh idir an toradh seo agus an céatadán cuíosach ard de thuismitheoirí na ndaltaí sna GSG (40%) nach as an nGaeltacht dóibh féin. Ach b'fhéidir go bhfuil cúiseanna eile leis.

Léirigh na rannpháirtithe sa suirbhé, idir an dá chineál scoile, an-bhród as an nGaeilge ach ní thacaíonn a leibhéal úsáide go hiomlán leis seo.

Chuir formhór na rannpháirtithe sna scoileanna go léir ina ndearnadh an staidéar a mbród in iúl go bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu agus braitheann siad go bhfuil sé tábhachtach í a choiméad beo. Léiríonn siad muinín maidir le labhairt, le léamh, le litriú agus le scríobh na Gaeilge agus léiríonn siad dearcadh dearfach i leith na teanga. Mar sin féin aithníonn siad deacrachtaí maidir le cúrsaí gramadaí. Tá nasc ann idir úsáid, cumas agus dearcadh nuair a bhíonn teanga a shealbhú. In ainneoin na dtuairimí dearfacha a léirigh na rannpháirtithe, is léir nach n-úsáideann siad an Ghaeilge chomh minic agus is féidir leo agus is rud é seo a bheidh tionchar aige ar chaighdeán na teanga atá acu.

Cuireann sé isteach ar na rannpháirtithe go mbíonn brú orthu Gaeilge chruinn a labhairt.

Léirigh cuid de na rannpháirtithe go mbíonn eagla orthu an Ghaeilge a labhairt toisc go ndéanann daoine iad a cheartú. Tarlaíonn sé seo ar scoil don chuid is mó do pháistí na SLG ach tarlaíonn sé ar scoil agus sa bhaile do chuid de na rannpháirtithe ó na GSG.

B'fhéidir gurb é seo ceann de na fáthanna nach mbaineann siad úsáid as an nGaeilge níos minicí.

Is mionlach de na rannpháirtithe a bhreathnaíonn ar chláir theilifíse Ghaeilge lena gclann.

Bhí líon beag de rannpháirtithe a dúirt go mbreathnaíonn siad féin agus a gclann ar chláir theilifíse i nGaeilge. Léiríonn sé seo nach bhfuil siad ag baint úsáide as na háiseanna Gaeilge go léir atá ar fáil. Cé go ndéir a lán de na rannpháirtithe nach mbíonn siad ag baint úsáide as an áis seo, luaigh líon beag de na rannpháirtithe sna ceisteanna oscailte gur mhaith leo go mbeadh tuilleadh áiseanna ar fáil dóibh trí Ghaeilge. Spreagann sé seo ceist faoin gcineál áise atá in úsáide nó cé chomh héasca is atá sé teacht ar na háiseanna.

Tá dearcadh dearfach i leith na Gaeilge á chur ar aghaidh chun na rannpháirtithe ag a dtuismitheoirí.

Dar leis na rannpháirtithe, tá dearcadh dearfach ag formhór a dtuismitheoirí i leith na Gaeilge. Bhí méid an-bheag a dúirt nár thaitin an Ghaeilge lena dtuismitheoirí. Tá an dearcadh seo á chur ar aghaidh go láidir go dtí na páistí agus is dócha go bhfuil tionchar mór aige seo ar na dearchaí a bhíonn ag na páistí féin.

Teastaíonn ó na rannpháirtithe go mbeadh níos mó daoine ag labhairt na Gaeilge.

Bhí sé thar a bheith soiléir ag deireadh an cheistneora gur ceann de na rudaí is mó a d'athródh na rannpháirtithe faoin nGaeilge ná go mbeadh níos mó daoine á labhairt. Ceapann siad go mba chóir go mbeadh formhór de mhuintir na hÉireann ábalta an

Ghaeilge a labhairt toisc gurb í ár dteanga dhúchais í agus is léir go dtaitníonn sé leo go bhfuil fáil ar na scoileanna seo.

Moltaí

1. Bheadh sé fiúntach taighde den chineál seo a dhéanamh idir GSG amháin. Bhí difríochtaí réasúnta móra le feiceáil sna torthaí a tháinig ó scoileanna sa cheantar Ghaeltachta céanna. Bheadh sé suimúil taighde den chineál céanna a dhéanamh le réimse níos leithne GSG, le meascán de scoileanna ó Ghaeltachtaí éagsúla agus scoileanna sa cheantar céanna. Dar ndóigh, bhainfeadh an moladh céanna le scoileanna SLG, chabródh an comparáid seo dá nglacfaí leis sa tslí ceart le pleananna feabhsúcháin scoile.
2. An dara moladh atá ag an taighdeoir ná an staidéar a dhéanamh ar scála níos mó. Sé sin, níos mó GSG agus níos mó SLG a úsáid sa staidéar céanna. Tá an SLG a úsáideadh don staidéar seo ar cheann de na SLG is sine atá in Éirinn. Tá oidhreacht agus cultúr láidir acu i leith na Gaeilge. Bheadh sé suimúil an taighde a dhéanamh le meascán níos mó SLG ó cheantair uirbeacha, ó cheantair tuaithe agus ó gach cineál cúlra.
3. Tháinig torthaí suimiúla ón taighde seo ach tá sé deacair i gcuid de na torthaí na fáthanna taobh thiar dóibh a mheas. Mar sin, dá mbeadh an taighde seo á dhéanamh arís, mholfá ceistanna níos doimhne a chuir le freagraí níos sainiúla a fháil. Chabhródh sé seo le anailís a dhéanamh ar na torthaí a thiocfadh ón taighde.
4. Bheadh buntáistí ann don dá chineál scoile dá gcruthófaí naisc eatharthu. D'fhéadfadh na naisc seo a chruthú trí na scoileanna a chur i dteagmháil lena chéile trí chóras cairde pinn a bhunú agus trí na meáin shóisialta, mar shampla ar Skype. Chabhródh sé seo le pobal foghlama don aos óg sna Gaelscoileanna a chruthú.

5. B'fhiú do mhúinteoirí níos mó gníomhaíochtaí seachchuraclama a dhéanamh sna hardranganna. Chruthódh sé seo dushláin breise do dhaltaí, is cuma cén leibhéal teanga atá acu.

Conclúid

Mar a luadh ag tús na hoibre seo níl mórán taighde déanta ar dhearcadh na daltaí agus ar úsáid na Gaeilge ag na daltaí. Is rud é seo a bhrath an taighdeoir a bhí in easnamh sa litríocht freisin. B'fhiú an obair a dhéanamh agus chabhróidh torthaí na hoibre seo leis an obair thaighde sa todhchaí a dhearadh.

Tagairtí

- Adiv, E. (1980). An analysis of second language performance of two types of immersion programs. *Bulletin of the Canadian Association of Applied Linguistics*, 2(2).
- American Psychological Association. (1992). *Ethical Principles of Psychologists and Code of Conduct*. American Psychological Association. Retrieved from <https://www.apa.org/ethics/code/code-1992>
- An Roinn Oideachas agus Scileanna. (1999) *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath. Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2010) *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.
- An Roinn Oideachas agus Scileanna. (2015) *Curaclam Teanga na Bunscoile*. Baile Átha Cliath. Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2016). *Polasáí don Oideachas Gaeltachta 2017 - 2022*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Baker, C. (2003). Education as a site of language context. *Annual Review of Applied Linguistics*, 23.
- Carr, L. (1994). The strengths and weaknesses of quantitative and qualitative research: what method for nursing?. *Journal Of Advanced Nursing*, 20, 716-721.
- Cumming, A. (2001). ESL/EFL instructors' practices for writing assessment: Specific purposes or general purposes? *Language Testing*, 18(2), 207-224.
- Cummins, J. (1978). Immersion programs: The Irish experience. *International Review Of Education*, 24(3), 273-282. doi: 10.1007/bf00598044
- Cummins, J., & Swain, M. (1986). *Bilingualism in Education: Aspects of Theory, Research and Practice*. Michigan: Longman.
- Denzin, N., & Lincoln, Y. (2011). *The SAGE Handbook of Qualitative Research* (4th ed.). California: SAGE publications, inc.
- Dörflinger, T. (2015). Language Use and Attitudes towards Irish among Gaeltacht School Children in County Donegal. *Proceedings Of The Harvard Celtic Colloquium*, 35.

- Greene, S., & Hogan, D. (2005). *Researching Children's Experience: Approaches and Methods* (1st ed., p. 78). London: SAGE Publications Ltd.
- Harris, J. (1982). Achievement in Spoken Irish at the end of Primary School. *The Irish Journal Of Education*, 16, 85-116.
- Harris, J., & Murtagh, L. (1987). Irish and English in Gaeltacht Primary Schools. In G. Mac Eoin, A. Ahlqvist & D. Ó hAodha (Eds.), *Third international conference on minority languages: Celtic papers. Multilingual Matters 32*. Clevedon: Multilingual Matters
- Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S., & O'Gorman, M. (2006). *Irish in Primary Schools Long Term National Trends in Achievement* (p. 173). Dublin: The Stationery Office.
- Holmes, J., & Hazen, K. (2014). *Research Methods in Sociolinguistics: A Practical Guide* (p.53). Sussex: John Wiley & SO, inc.
- Kennedy, L., & Montgomery, A. (2018). *Exploring Qualitative Research*. Presentation, The Teaching Council.
- Landry, R., Allard, R., & Deveau, K. (2007). Bilingual schooling of the Canadian francophone minority: A cultural autonomy model. *International journal of the sociology of language*, 185
- Ní Shéaghdha, A. (2010). *Taighde ar Dhea-chleachtais Bhunscoile i dtaca le Saibhriú Sealbhú agus Sóisialú Teanga do Dhaltai arb í an Ghaeilge a gCéad Teanga*. Dublin: Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Nic Fhlannchadha, S., & Hickey, T. (2016). Minority language ownership and authority: perspectives of native speakers and new speakers. *International Journal Of Bilingual Education And Bilingualism*, 21(1), 38-53. doi: 10.1080/13670050.2015.1127888
- Ó Duibhir, P. (2009). *The Spoken Irish of sixth-class pupils in Irish immersion schools* (Ph.D). University of Dublin, Trinity College.
- Ó Duibhir, P., Ní Chuaig, N., Ní Thuairisg, L., & Ó Brolacháin, C. (2015). *Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta*. Dublin: An Roinn Oideachais agus Scileanna. Retrieved from https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/-duibhir-et-al-solathar-oideachais-tri-mhionteangacha_athbhreithniu-ar-thaighde-idirnaisiunta_2015.pdf

Ó Giollagáin, C., & Mac Donnacha, S. (2009). The Irish Language and the Future of the Gaeltacht Regions in Ireland. In T. Varley, *A Living Countryside?: The Politics of Sustainable Development in Rural Ireland*. Surrey: Ashgate Publishing Limited.

SIS International Research. What is Quantitative Research?. Retrieved from <https://www.sisinternational.com/what-is-quantitative-research/>

Statistics : Gaelscoileanna – Irish Medium Education. (2017). Retrieved from <http://www.gaelscoileanna.ie/en/about/statistics/>

Williams, C. (2007). Research Methods. *Journal Of Business & Economic Research*, 5(3), 67.

Aguisín A - Litir Eolais



A Phríomhoide, a chara,

Cliona Máirtín is ainm dom agus táim sa dara bhliain den MGO (Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas) in Institiúid Oideachais Marino. Mar chuid de obair na bliana deiridh den chúrsa tá tráchtas á dhéanamh agam maidir le dearcthaí agus úsáid na Gaeilge ag páistí i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta. Is taighde chomparáideach atá i gceist anseo.

Táim ag scríobh chugat ag lorg ceada uait cuid de mo thaighde a dhéanamh le daltaí Rang 5 agus Rang 6 i do scoil. Tuigim go mbeadh sé seo le cur os comhair an Bhord Bainistíochta freisin. Beidh ceistneoirí (a thógfaidh 30 nóiméad ar a mhéid) i gceist leis seo agus iad le dáileadh agam ar dhaltaí i Rang 5 agus i Rang 6. An cuspóir atá leis seo ná fiosrú a dhéanamh ar dhearcthaí pearsanta na bpáistí ar an nGaeilge agus ar a gcuid oideachais trí mhéan na Gaeilge chomh maith leis an úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge. Beidh an taighde á déanamh agam ar bhealach tuisceanach nach gcuirfidh strus ar na daltaí. Beidh lán-chead ag gach rannphairtí aistharraingt as an taighde ag am ar bith. Ní bheidh aon ghá sonraí pearsanta ar bith a thabhairt mar chuid den taighde agus ní bheidh ainm na scoile á lua. Is don tráchtas amháin a bheidh an t-eolas á bhailiú agus ní bheidh sé in úsáid ar aon chúis eile.

Bheinn thar a bheith buíoch dá mbeifeá sásta toiliú dom an taighde a chur i gcrích i do scoil.

Má tá aon eolas eile ag teastáil ná bíodh eagla ort dul i dteagmháil liom ag cmairtinpme17@momail.mie.ie, nó le mo stiúrthóir ag claire.dunne@mie.ie.

Táim ag tnúth le clos uait,

Mise le meas,

Cliona Máirtín

Aguisín B - Litreacha Toilthe an Phríomhoide



An Príomhoide

A Phríomhoide, a chara,

Cliona Máirtín is ainm dom agus bhí mé i dteagmháil libh le déanaí maidir le taighde atá le déanamh agam mar chuid den MGO (Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas) atá á déanamh agam in Institiúid Oideachais Marino agus maidir le ceistneoir atá le cur agam ar dhaltáí i do scoil. Mar atá luaite agam cheana, séard atá i gceist leis an taighde seo ná ceistneoir simplí atá le dáileadh agam ar Rang 5 agus Rang 6.

Ba mhaith liom ar dtús buíochas a gabháil leat as ligean dom mo chuid taighde a comhlíonadh i do scoil.

Beidh mé i _____ i rith na seachtaine dar tús 1 Aibreán agus bheinn buíoch dá mbeadh 45 nóiméad i rith na seachtaine sin go bhféadfainn teacht chun na scoile leis na ceistneoirí a líonadh le daltaí Rang 5 agus Rang 6. Is féidir ríomhphost a chuir chugam nó glaoch a chur orm le am atá oiriúnach duit a shocrú (eolas teagmhála le fáil ag bun na litreach seo). Beidh mé ag obair le scoileanna eile sa cheantar freisin.

Iniata leis an litir seo tá:

1. Foirm toilthe don phríomhoide le eolas uile faoin obair thaighde.
2. Foirm toilthe atá le dáileadh ar thuismitheoirí na rannpháirtithe (daltaí Rang 5 & 6).
3. Foirm aontaithe atá le dáileadh ar na rannpháirtithe féin.
4. Cóip samplach den cheistneoir mar eolas duit (d'fhéadfadh mionathrú teacht ar cheisteanna an cheistneora).

Má bhíonn aon eolas eile ag teastáil uait ná bíodh leisce ort dul i dteagmháil liom.

Is mise le meas,

Cliona Máirtín (cmairtinpme17@momail.mie.ie nó [086 211 4797](tel:0862114797))

Foirm Toilthe – Príomhoide na Scoile

Ábhar: Comparáid a dhéanamh idir na Dearthaí atá ag Leanaí i nGaelscoileanna agus i Scoileanna Gaeltachta i leith na Gaeilge agus maidir le húsáid na Gaeilge acu.

Spríoc an taighde: Léargas a fháil ar na dearthaí atá ag páistí Rang a Cúig agus Rang a Sé i leith na Gaeilge chomh maith le comparáid a dhéanamh idir na dearthaí seo ag páistí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge. Beidh leargas á fháil freisin ar úsáid na Gaeilge ag daltaí sa dá chineál scoile.

Riachtanais na rannpháirtíochta sa togra: Líonfaidh na páistí ceistneoir isteach le ceisteanna a bhaileoidh a dtuairimí i leith na Gaeilge.

Deimhniú gur deonach atá an rannpháirtíocht: Tuigim, má thugaim cead don taighdeoir, Cliona Máirtín, tabhairt faoin taighde seo sa scoil, gur féidir deireadh a chur leis an togra ag am ar bith. Tá cead ag aon pháiste deireadh a chur lena rannpháirtíocht sa togra ag am ar bith gan pionós.

Rannpháirtí – cuir ciorcal timpeall na freagraí cuí thíos:

Ar léigh tú an fhoirm toilthe seo?

Léigh/Níor léigh

Ar thuig tú an t-eolas ar fad a bhí ann?

Thuig/Níor thuig

An raibh deis agat ceisteanna a chur faoin togra seo?

Bhí/Ní raibh

An bhfuair tú freagraí sásúla i leith na gceisteanna seo?

Fuair/Ní bhfuair

Síniú:

Léigh agus thuig mé an t-eolas uilig san fhoirm seo. D'fhreagair an taighdeoir mo chuid ceisteanna agus tá cóip agam den fhoirm toilthe seo do mo thaifead féin. Mar sin, toilím don taighde seo dul ar aghaidh sa scoil.

Síniú an Phríomhoide: _____

Ainm an Phríomhoide (cinnlitreacha): _____

Dáta: _____

Aguisín C - Litir Toilithe don Tuismitheoir

Foirm Toilithe - Tuismitheoirí

Re: Tionscnamh Taighde d'oidhe bunscoile ar oiliúint (Cliona Máirtín, Institiúid Oideachais Marino).

Ábhar: Comparáid a dhéanamh idir na Dearcthaí atá ag Leanaí i nGaelscoileanna agus i Scoileanna Gaeltachta i leith na Gaeilge agus maidir le húsáid na Gaeilge acu.

Sprioc an taighde: Léargas a fháil ar na dearcthaí atá ag páistí Rang a Cúig agus Rang a Sé i leith na Gaeilge chomh maith le comparáid a dhéanamh idir na dearcthaí seo ag páistí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge. Beidh leargas á fháil freisin ar úsáid na Gaeilge ag daltaí sa dá chineál scoile.

Séard a bheidh i gceist leis an taighde seo ná ceistneoir shimplí a iarrfar ar na páistí i Rang 5 agus i Rang 6 a fhreagairt. Beidh na ceisteanna seo bunaithe ar dhearcadh na bpáistí i leith na Gaeilge agus an úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge. Beidh an taighde seo á déanamh le linn am scoile agus níor chóir go dtógfadh sé níos mó ná 45 nóiméad. Beidh cóipeanna den cheistneoir ar fáil d'aon tuismitheoir má theastaíonn uathu é a fheiceáil. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na páistí nach scrúdú atá i gceist leis an gceistneoir seo ach go bhfuilim ag iarraidh íomhá beacht de mhothúcháin na bpáistí i dtaobh an Ghaeilge a mheas.

Creidim nach bhuil aon bhaol ann do na páistí a ghlacfaidh páirt sa taighde seo. Ní bheidh ainm aon páiste in úsáid sa taighde agus ní bheidh ainm na scoile á lua ach an oiread. Beidh an ceistneoir á dhéanamh ar pháipéar agus coimeádfar na cóipeanna crua faoi ghlas agus as radharc. Beidh an t-eolas a thógfar ó na ceistneoirí á choiméad ar mo ríomhaire pearsanta, le cosaint pasfhocal. Beidh gach ábhar taighde á stialladh 6 mhí tar éis don taighdeoir an tráchtas a chur faoi bhráid an Choláiste.

Is ar bhonn toilliúil atá daltaí ag glacadh páirte sa staidéar seo. Is féidir le rannpháirtí ar bith aistarraingt ón staidéar ag am ar bith. Ní ghearrfar pionós ar bith ar aon duine a aistharraingíonn roimh dheireadh an staidéir. Ní gá d'aon pháiste páirt a ghlacadh sa staidéar muna dteastaíonn uathu.

Má tá aon ceist agat tá lán fáilte romhat dul i dteagmháil liom ag cmairtinme17@momail.mie.ie.

Tuismitheoir – cuir ciorcal timpeall na freagraí cuí thíos:

Ar léigh tú an fhoirm toilithe seo? *Léigh* *Níor léigh*

Ar thuig tú an t-eolas ar fad a bhí ann? *Thuig* *Níor thuig*

An raibh deis agat ceisteanna chur faoin togra seo? *Bhí* *Ní raibh*

An bhfuair tú freagraí sásúla i leith na gceisteanna seo? *Fuair* *Ní bhfuair*

Tá an t-eolas uilig san fhoirm seo léite agam agus tuigim é. Tá mo cheisteanna agus mo bhuarthaí uilig freagartha ag an taighdeoir, agus tá cóip agam den fhoirm toilithe seo. Dá bhrí sin, toilím go nglacfaidh mo pháiste páirt ins an taighde seo.

Síniú an Tuismiteora / Caomhnóra: _____

Ainm i mBloclitreacha: _____

Aguisín D - Foirm Aontaithe na bPáistí

Foirm Aontaithe - Páistí

I. Teideal an Taighde: Comparáid a dhéanamh idir na Dearthaí atá ag Leanaí i nGaelscoileanna agus i Scoileanna Gaeltachta i leith na Gaeilge agus maidir le húsáid na Gaeilge acu

II. Aidhm an Taighde: Léargas a fháil ar na dearthaí atá ag páistí Rang a Cúig agus Rang a Sé i leith na Gaeilge chomh maith le comparáid a dhéanamh idir na dearthaí seo ag páistí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge. Beidh leargas á fháil freisin ar úsáid na Gaeilge ag daltaí sa dá chineál scoile.

III. Riachtanais Rannphairtíochta sa Taighde : Freagróidh mé ceisteanna ar cheistneoir a thabharfaidh mo mhúinteoir dom bunaithe ar na smaointe atá agam maidir leis an nGaeilge. Ní chuirfidh me m'ainm nó aon eolas pearsanta eile ar an gceistneoir.

IV. Deimhniú go dtuigim nach bhfuil orm páirt a ghlacadh sa taighde seo:

Tuigim nach bhfuil orm an ceistneoir a chomhlíonadh mar chuid den taighde seo agus go bhfuil sé á dhéanamh go toilteanach agam.

V. Tuigim freisin nach mbeidh aon duine seachas an taighdeoir agus múinteoirí an taighdeora ag breathnú ar mo chuid freagraí.

VI. Rannpháirtí – Le do thoil, comhlánaigh an foirm seo

(cuir tic le 😊 nó ☹️)

	😊	☹️
Léigh an múinteoir litir dom faoin taighde seo.		
Tuigim an litir agus an fáth go dteastaíonn ón taighdeoir mo chuid tuairimí a fháil.		
Bhí seans agam ceisteanna a chur ar an múinteoir / mo thuismitheoirí maidir leis an taighde.		
Fuair mé freagra sásúil ar mo chuid ceisteanna uilig.		

VII. Síniú:

Tuigim gach rud a míníodh dom maidir leis an tionscnamh seo agus táim sásta ligean don taighdeoir úsáid a bhaint as mo chuid freagraí.

Ainm an Pháiste: _____

Ainm i mBloclitreacha: _____

Dáta: _____

Aguisín E - Ceistneoir

CEISTNEOIR DO LEANAÍ RANG a 5 agus a 6

CUID A – MAIDIR LIOM FÉIN

Cuir TIC (✓) leis an mbosca ceart:

A1. Inscne Is buachaill mé Is cailín mé

A2. Rang Táim i Rang a 5 Táim i Rang a 6

A3. Aois Táim.. 10 mbliana 11 bliana 12 bliana 13 bliana

A4. Rugadh mé i gContae Bhaile Átha Cliath i gContae Chiarraí
i gcontae eile in Éirinn i dtír eile (ní in Éirinn)

A5. Rugadh mo thuismitheoirí.....

TUISMITHEOIR 1 TUISMITHEOIR 2

In Éirinn, sa Ghaeltacht

In Éirinn, taobh amuigh den Ghaeltacht

I dtír eile (ní in Éirinn)

Níl a fhios agam cár rugadh é/í

A6. Fíor nó Bréagach? Cuir TIC (✓) leis an mbosca ceart i ngach líne

Nuair a thosaigh mé ar scoil....

Ní raibh aon Ghaeilge nó gan ach beagán Gaeilge agam Fíor Bréagach

Ní raibh aon Bhearla nó gan ach beagán Béarla agam Fíor Bréagach

A7. Fíor nó Bréagach? Cuir TIC (✓) leis an mbosca ceart i ngach líne

Táim sásta gur fhreastail mé ar bhunscoil lán-Ghaeilge Fíor Bréagach

B'fhéarr liom dá mbeadh mé tar éis freastal ar scoil Bhéarla Fíor

Bréagach

CUID B – ÚSÁID NA GAEILGE Cuir TIC (✓) leis an mbosca is mó atá fíor i do chás.

B1. Labhraím Gaeilge le mo chlann sa bhaile:

beagnach i gcónaí go minic anois is arís go hannamh ní tharlaíonn sé sin

B2. Labhraím Gaeilge le mo chairde sa bhaile agus sa cheantar baile:

beagnach i gcónaí go minic anois is arís go hannamh ní tharlaíonn sé sin

B3. Labhraím Gaeilge i gclós na scoile:

beagnach i gcónaí go minic anois is arís go hannamh ní tharlaíonn sé sin

B4. Labhraím Gaeilge in áiteanna eile taobh amuigh den scoil (m.sh. ag cluichí, sna siopaí):

beagnach i gcónaí go minic anois is arís go hannamh ní tharlaíonn sé sin

B5. Bíonn mise agus mo chlann ag breathnú ar chláir theilifíse i nGaeilge:

beagnach i gcónaí go minic anois is arís go hannamh ní tharlaíonn sé sin

B6. Ba mhaith liom níos mó Gaeilge a úsáid taobh amuigh den scoil ach níl Gaeilge thart timpeall orm:

aontaím go mór aontaím nílím cinnte ní aontaím ní aontaím in aon chor

B7. Bíonn eagla orm Gaeilge a úsáid mar b'fhéidir go ndéanfaidh mé botúin.

aontaím go mór aontaím nílím cinnte ní aontaím ní aontaím in aon chor

B8. Tá sé níos éasca domsa Gaeilge a úsáid ná Béarla a úsáid

aontaím go mór aontaím nílím cinnte ní aontaím ní aontaím in aon chor

CUID C – DEARCADH FAOIN nGAEILGE Cuir TIC (✓) leis an mbosca is mó atá fíor i do chás.

C1. Tá áthas agus bród orm go bhfuilim ábalta Gaeilge a labhairt.

aontaím go mór

aontaím

nílím cinnte

ní aontaím

ní aontaím in aon chor

C2. Bíonn náire orm Gaeilge a úsáid taobh amuigh den scoil - b'fhéidir go mbeadh daoinde ag magadh fúm

aontaím go mór

aontaím

nílím cinnte

ní aontaím

ní aontaím in aon chor

C3. Is dóigh liom go bhfuil sé amaideach an Ghaeilge a choiméad beo - is leor Béarla.

aontaím go mór

aontaím

nílím cinnte

ní aontaím

ní aontaím in aon chor

C4. Is dóigh liom go bhfuilim go maith ag labhairt agus ag léamh Gaeilge.

aontaím go mór

aontaím

nílím cinnte

ní aontaím

ní aontaím in aon chor

C5. Is dóigh liom go bhfuim go maith ag litriú agus ag scríobh Gaeilge.

beagnach i gcónaí

go minic

anois is arís

go hannamh

ní tharlaíonn sé sin

C6. Bheadh ag éirí níos fearr liom ar scoil dá mbeadh mé ag foghlaim trí Bhéarla.

aontaím go mór

aontaím

nílím cinnte

ní aontaím

ní aontaím in aon chor

C7. Is dóigh liom go mbeidh Gaeilge tábhachtach do mo shaol nuair a bhím fásta suas.

aontaím go mór

aontaím

nílím cinnte

ní aontaím

ní aontaím in aon chor

C8. B'fhearr liom, dá mbeadh rogha agam, freastal ar iar-bhunscoil ina mbím ag foghlaim trí Bhéarla.

aontaím go mór

aontaím

nílím cinnte

ní aontaím

ní aontaím in aon chor

CUID D – CEISTEANNA OSCAILTE Cad a ba mhaith leatsa a rá faoin nGaeilge?

D1. Rudaí a chuireann áthas nó bród orm faoin nGaeilge

(i) _____

(ii) _____

D2. Rudaí a chuireann eagla nó náire nó míchompord orm faoin nGaeilge

(i) _____

(ii) _____

D3. Rudaí a cheapaim faoi bheith ag freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge

(i) _____

(ii) _____

D4. Rudaí gur dóigh liom nach maith le roinnt leanaí faoin nGaeilge

(i) _____

(ii) _____

D5. Rudaí gur dóigh liom a cheapann mo thuismitheoir(i) faoin nGaeilge

(i) _____

(ii) _____

D6. Rudaí a ba mhaith liom a athrú maidir leis an nGaeilge

(i) _____

(ii) _____

D7. Dhá rud eile (aon rudaí in aon chor!) a theastaíonn uaim a rá.....

(i) _____

(ii) _____